

**‘An Phleanáil Teanga: I dtreo na gníomhaíochta’
Carn Tóchair**

**Tuairisc Dheiridh
Márta 2015**

Údair: Coiste Forbartha Charn Tóchair

Comhordaitheoir Tionscnaimh/ Údar: Dr Pádraig Ó Tiarnaigh

Sainchomhairleoir Pleanála Teanga/ Údar: Dr Laoise Ní Thuairisg

Eagarthóir: Dr Niall Comer



Clár

1. Intreoir Réamhrá	2
1.1. An Comhthéacs reamh-thionscnaimh: Cúlra na Gaeilge i gCarn Tóchair	2
1.2. Misean Ráitis i dtaobh na Pleanála Teanga	4
1.3. Cur síos ar an tionscnamh	5
2. Suirbhé ar an chomhphobal	7
2.1. Cúlra agus Spriocanna an tsuirbhé	7
2.2. An Mhodheolaíocht (líon daoine / áiteanna srl.)	7
2.2.1. Cur síos ginearálta	7
2.2.2. An Ceistneoir	8
2.3. Léiriú ar thorthaí loma an tsuirbhé	9
2.4. Tuairisc agus anailís ar thorthaí an tsuirbhé	11
3. Ceardlann eolais don choiste	17
3.1. Cúiseanna agus spriocanna na ceardlainne	17
3.2. Tuairisc ó Laoise Ní Thuairisc	18
4. Comhairliúchán 1: Pobal na Gaeilge	20
4.1. Cur síos agus cúlra	20
4.2. Miontuairiscí	21
4.2.1. Grúpa A (Daoine óga)	21
4.2.2. Grúpa B (Daoine fásta 1)	24
4.2.3. Grúpa C (Daoine fásta 2)	25
4.2.4. Aischothú Mórghrúpa	28
5. Comhairliúchán 2: Foghlaimoirí Gaeilge agus Daoine eile bainteach leis an teanga	29
5.1. Cur síos agus cúlra	29
5.2. Miontuairiscí	30
5.2.1. Grúpa A (Daoine fásta 1)	30
5.2.2. Grúpa B (Daoine fásta 2)	32
6. Tuairisc dheiridh agus Moltaí an tsainchomhairleora	34
7. An Plean Gníomhaíochtaí	41
7.1. An Plean Gníomhaíochtaí	41
7.2. Acmhainní Riachtanacha Leasmhara	49
Aguisíní	
A1. Ceistneoir (Leagan Gaeilge)	50
A2. Ceistneoir (Leagan Béarla)	53
A3. Léiriú iomlán ar thorthaí loma an tsuirbhé	56

1. Intreoir | Réamhrá

1.1 An Comhthéacs reamh-thionscnaimh: Cúlra na Gaeilge i gCarn Tóchair

Bunaíodh Coiste Forbartha Charn Tóchair i 1992 agus ag an am sin bhí an ceantar ag fulaingt leis na céadta bliain de mheath i gcúrsaí sóisialta, eacnamaíochta cultúrtha agus bánú tuaithe, Ón chéad lá riamh, chreid Coiste Forbartha Charn Tóchair gur chóir go mbeadh athshealbhú na Gaeilge mar chroílár aon straitéise dírithe ar ath-thógáil pobal láidir atá bródúil as a dtimpeallacht s'acu féin, a n-oidhreacht cultúrtha, agus a dteanga. Ba é ceantar Charn Tóchair ceann de na ceantair Ghaeilge dheireanacha i gContae Dhoire, a raibh cainteoirí dúchais beo ann le linn an 20ú haois. Mothaíodh go láidir gur chóir go mbeadh ath-shealbhú na teanga sin mar cheann de chroí-spriocanna an Choiste

Thar na blianta ó bunaíodh é, bhí an coiste an-ghníomhach le réimse leathán tionscadail a chur i gcrích. Mar chéad thionscadal i 1992 bhunaigh an Coiste Forbartha an chéad náiscoil tuaithe taobh amuigh den Gaeltacht in Éirinn. An bhliain ina dhiaidh sin bunaíodh Bunscoil Luraigh, Gaelscoil neamhspleách i Machaire Rátha maoinithe ag an choiste deonach agus i ndiaidh seacht mbliana gan airgead ón Roinn glacadh leis an choinne chun comhnasc a dhéanamh le Bunscoil Bhéarla áitiúil go dtí go raibh an scoil mór go leor chun aitheantas neamhspleách a bhaint amach.

Aithníodh go raibh sé riachtanach saol na Gaeilge lasmuigh den seomra ranga a fhorbairt don óige agus thar na blianta bhí réimse scéimeanna trí Ghaeilge a sholáthar ag an choiste. I 2007 scríobhadh an plean straitéiseach *An Bealach Chun Tosaigh*, agus i 2008 d'éirigh leis an choiste an scéim maoinithe le Foras na Gaeilge a bhaint amach, Scéim Phobail Ghaeilge. Scéim maoinithe trí bliana a bhí i gceist agus bhí an coiste in ann Oifigeach Forbartha Gaeilge a cheapadh le clár cuimsitheach a stiúradh agus a chur i gcrích.

I 2011 bhí an phríomhdhuais náisiúnta Ghlór na nGael bronnta ar Choiste Glór Charn Tóchair ag tabhairt aitheantais dóibh as an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail. Ghlac an t-Uachtarán Máire Mhic Giolla Íosa leis an chuireadh le teacht ar cuairt chuig an Ionad agus an t-éacht mór seo a aithint agus a cheiliúradh. Le cúig bliana anuas, tháinig an coiste sa chéad chúig áiteanna ab fhearr sa chomórtas Ghlór na nGael agus bhain siad an phríomhdhuais náisiúnta don dara uair i 2014.

Tá an coiste ag obair go dlúth leis na daoine óga sa cheantar agus ag cur deiseanna oiliúna ar fáil dóibh, sa dóigh is gur féidir leo réimse leathán d'imeachtaí a sholáthar don chomhphobal trí Ghaeilge agus go dátheangach. Ó thaobh ranganna de agus cur chun cinn na Gaeilge tá ranganna agus cúrsaí seo a sholáthar;

Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, dianchúrsaí Gaeilge dhá uair sa bhliain, scoil samhraidh Gaeilge do dhaoine fásta, gearrchúrsa chruinnis Ghaeilge, gearrchúrsaí ullmhúcháin Gaeilge do lucht AS/ A-Leibhéal agus GCSE. Leachtanna trí Ghaeilge agus tríd an Bhéarla ar ábhair a chuireann Gaeilge chun cinn / ag ardú próifil na Gaeilge. Tá craobh d'Ógras agus ÓgÓgras lonnaithe ag An Carn. Glacann na hÓige páirt sna himeachtaí agus feachtais náisiúnta i rith na bliana, chomh maith le club óige seachtainiúil a bheith ann i rith na scoil bliana do pháistí bunscoile. Imeachtaí eile a

mbíonn ar siúl don óige; Club maidin Shathairn, club spóirt, club dúlra, ranganna ceoil, ceardlanna ealaíne.

Bíonn réimse feilte ar siúl le linn na bliana, Seachtain na Gaeilge, Féile Charn Tóchair i rith an tsamhraidh, Feis Charn Tóchair agus laethanta spraoi teaghlaigh.

Tionscadail eile atá curtha i gcrích ag an choiste thar na blianta nó atá idir lámha acu faoi láthair ná; scéim tithíochta sealbhaíochta mheasctha, aonaid thionscnaimh, siopa ceardaíochta, oifig an phoist, réimse tionscadail thrasphobail, cúrsaí traenála, scéim saoralaíochta, scéim bhithéagsúlachta, ionad ealaíne (le 220 suíocháin / spás il-úsáide), togra turasóireachta le 12 mhíle de shlite siúlóide, tearmann dúlra de 210 acra atá faoi úinéireacht an choiste forbartha, togra sláinte agus folláine, dáileachtaí phobail san áireamh.

Tá anois breis agus 200 duine óg a bhfuil ard-líofacht sa teanga acu, agus tá fás ag teacht ar líon na ndaoine fásta a bhfuil an líofacht chéanna acu, chomh maith le neart foghlaimeoirí eile agus tá pobal dátheangach ag teacht leis na cainteoirí sin Tá éiteas an chultúir Ghaelaigh láidir sa cheantar agus tá tacaíocht láidir ann don spórt, ceol agus damhsa, chomh maith le leibhéal ard deá-thola agus comhoibrithe ar son fhorbairt na teanga sa phobal áitiúil.

Tá obair mhór déanta ag Carn Tóchair chun rannpháirtíocht leathan a mhéadú agus chun líofacht teanga a éascú agus a fhorbairt fríd an phobal, ag cur béime ar thógáil líon na ndaoine, an tairseach chriticiúil sin, a bhfuil ard-scileanna teanga acu, ar féidir leo caighdeán a chur síos ar a mbeadh teanga úr an phobail bunaithe agus ag feidhmiú ina leith. Chuidigh corplár teaghlach láidir a úsáideann an Ghaeilge mar theanga an tí leis an phróiseas seo, chomh maith le clár imeachtaí óige a chuirtear ar fáil le linn na bliana atá dírithe ar chumas agus líofacht teanga.

Is cuid lárnach de straitéis na heagraíochta é soláthar deiseanna don chéad ghlúin eile sa phobal Béalra (tríd an Ghaeloideachas), leis an iompú teanga sin a thiomáint, agus le bheith mar chuid ghníomhach de phobal Gaeilge atá ag fás go leanúnach.

Creideann an eagraíocht go bhfuil cuid mhór ar fhéidir a bhaint amach tríd an chomhoibriú agus an rannpháirtíocht le pobail Ghaeltachta. Cé go bhfuil riachtanais agus dúshláin dhifriúla roimh na pobail seo, tá féidearthachtaí iontacha ann i dtaca leis an chomhoibriú, chun deachleachtas i leith na teanga ag leibhéal pobail a roinnt.

Tá cur amach agus taithí iontach, bunaithe ar cheannaireacht láidir áitiúil, i dtéarmaí athbheochan teanga agus tríd seo d'éirigh le Coiste Forbartha Charn Tóchair tuiscint i leith mhórchéisteanna agus chastacht na pleanála teanga agus an iompaithe teanga a fhorbairt. Tríd an tionscnamh seo ba mhaith leis an eagraíocht athshealbhú na teanga a thabhairt ar aghaidh chuid an céad leibhéal eile agus déanfar cinnte go mbaintear a oireadh sin feidhme agus éifeachta agus is féidir as na acmhainní atá acu chun cumas, líofacht agus úsáid na teanga a sholáthar agus a mhéadú mar chuid de mhór-straitéis atá dírithe san iomlán ar athshealbhú na Gaeilge mar phríomh-theanga labhartha an phobail.

1.2 Misean Ráitis i dtaobh na Pleanála Teanga

Is í aidhm an tionscnaimh seo bun-líne lucht úsáide na Gaeilge a mheas i mór-phobal Charn Tóchair. Amharcann an staidéar seo le hanailís a dhéanamh ar líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge agus ar an dóigh ar féidir freastal ar riachtanais an phobail sin, chomh maith le líon na ndaoine sin a mheas, agus a fhorbairt go leanúnach amach anseo. Beidh an bunlíne sin bunaithe ar thrí chritéir: líon na nGaeilgeoirí, cumas na nGaeilgeoirí, agus úsáid na Gaeilge i measc na nGaeilgeoirí. Ba mhian leis an choiste ‘Plean Teanga Praiticiúil’ nó ‘Plean Gnímh’ a dhréachtú a chuirfeas síos ar na himeachtaí agus ar na seirbhísí atá de dhíth, go gearrthéarmach agus go fadtéarmach, le mór-spriocanna ‘Straitéis 20 Bliain Charn Tóchair’ a chomhlíonadh.

Ba mhaith leis an choiste an t-eolas a leanas a thiomsú:

- Líon agus sonraí na nGaeilgeoirí i gCarn Tóchair.
- Cumas na nGaeilgeoirí i leith na teanga.
- Úsáid na Gaeilge i measc na nGaeilgeoirí.
- Barúlacha na nGaeilgeoirí sin i leith na Gaeilge, agus i leith ‘An Carn’ i gcomhthéacs sholáthar imeachtaí agus seirbhísí.
- Barúlacha na ndaoine, nach bhfuil Gaeilge acu, ar an teanga agus ar an ghluaiseacht teanga atá ag tarlú sa cheantar.

Cad iad na modhanna a úsáidfear leis an eolas seo a bhailiú?

- Suirbhé do lucht labhartha an Bhéarla
- Suirbhé do lucht labhartha na Gaeilge amháin
- Bunachar de Ghaeilgeoirí a bhfuil baint acu leis An Carn a chur le chéile
- Dhá cheardlann / lá comhairliúcháin leis an phobal
- Bunófar tábla cuimsitheach de lucht labhartha na Gaeilge de réir na gcritéir.
- Bunófar cuir chuige / córas leis na figiúir / an staidéar seo a athmheas gach 3 bliana.

Cad é an dóigh a n-úsáidfear an t-eolas seo:

- Tuiscint a fhorbairt in achan duine atá gníomhach i forbairt / saol na Gaeilge ar an staid reatha agus bunphrionsabal na pleanála teanga agus an ról atá á dhéanamh acu chun cur leis an mhórfhictiúr sin.
- Cuirfear le chéile ‘Plean Gníomhaíochtaí’ (Plean Teanga Praiticiúil), le cur síos spriocanna agus gníomhacha gearrthéarmacha agus fadtéarmacha, le go mbainfear amach mór-spriocanna ‘Straitéis 20 Bliain Charn Tóchair’.
- Baill an tionscadail a oiliúint ar bhun-phrionsabail na pleanála teanga agus plean oiliúna a phlé a bheas dírithe ar oibrithe óga An Carn agus an fhoireann uilig ionas go mbeidh achan imeacht gníomh-dhírithe ar aschur teanga.
- Clár imeachtaí agus gníomhartha a sholáthar bunaithe ar aschur teanga / na torthaí mar a leanas:
 1. Líon na nGaeilgeoirí sa mhórcheantar a ardú in aghaidh na bliana
 2. Plean chun cumas teanga a ardú i measc an mhórfhobail
 3. Úsáid na Gaeilge a ardú - sa comhphobal – sa teach
- Straitéis cumarsáide leis an gnáthphobal ionas go mbeidh siad ar an eolas maidir le hathbheochan na Gaeilge sa mhórcheantar agus iad siúd a bhfuil suim acu inti a

mhealladh i dtreo na Gaeilge; go hairithe teaghlaigh óga a mhealladh i dtreo an Ghaeloideachais.

1.3 Cur síos ar an tionscnamh

1.3.1 Rannpháirtithe agus An Coiste Oibre

- Cuireadh tús leis an tionscnamh seo le sraith cruinnithe pleanála i mí na Samhna, 2014. Is é Coiste Forbartha Charn Tóchair (CFCT) a reáchtáil an tionscnamh, a bhuí le maoiniú ó Fhoras na Gaeilge, agus is iad CFCT a chuir an fó-choiste, nó an grúpa oibre seo le chéile.
- Is iad seo a leanas na baill leanúnacha ar an choiste seo:
 - Niall Ó Catháin, Dr Pádraig Ó Mianáin, Diarmuid de Brún, Liam Ó Flannagáin, Joe Ó Dochartaigh, Leonne Ní Loinsigh, Gráinne Ní Chatháin.
- Chuige sin, ceapadh Dr Pádraig Ó Tiarnaigh ina chomhordaitheoir ar an tionscnamh.
- I ndiaidh sraith chruinnithe pleanála, moladh go gceapfar Dr Laoise Ní Thuairisg ina sainchomhairleoir neamhspleách ar an choiste.
- Cuireadh céim faoi leith ar rannpháirtíocht an phobail féin sa tionscnamh seo agus luadh ról an chomhphobail Ghaeilge agus mórphobal an Bhéarla leis na laethanta comhairliúcháin agus leis an suirbhé araon.

1.3.2 Struchtúr agus am-scala an tionscnaimh

- Bhí sé chuid leis an tionscnamh seo, mar a bhí a leanas:

1. Cruinnithe pleanála	Samhain - Nollaig 2014
2. Suirbhé a chur ar an mhórphobal	Nollaig 2014 – Eanáir 2015
3. Cumasú Coiste	Feabhra 2015
4. Comhairliúcháin Phoiblí	Feabhra – Márta 2015
5. Forbairt agus Dréachtú Pleananna	Aibreán – Bealtaine 2015
6. Foilsiú Tuairisce	Meitheamh 2015

1.3.3 Líon cruinnithe

Dáta	Ionad	Rannpháirtithe	Réimse oibre
21/11/15	An Carn	CFCT, PÓT	Ream-chruinniú pleanála; struchtúr an tionscnaimh
28/11/15	An Carn	CFCT, PÓT	Cruinniú pleanála; ceapadh sainchomhairleora, clár ama srl.
5/12/15	An Carn	CFCT, PÓT	Suirbhé don mhórphobal; ceapadh oibríthe suirbhé srl.
13/12/15	An Carn	CFCT, PÓT	Suirbhé don mhórphobal (ath-dhréachtú); cruinniú pleanála
9/1/15	An Carn	CFCT, PÓT	Aischothú ón suirbhé; reamchruinniú pleanála comhairliúcháin
16/1/15	An Carn	CFCT, PÓT, LNÍT	Intreoir agus plé leis an sainchomhairleoir; cruinniú pleanála.
22/1/15	An Carn	CFCT, PÓT, LNÍT	Seisiún pleanála inmheánach; socruithe do na seisiúin chomhairliúcháin

9/4/15	An Carn	CFCT, PÓT	Grúpa oibre dírithe ar phlean gníomhachtaí a dhréachtú agus aischothú ó na seisiún comhairliúcháin a phlé.
12/05/15	An Carn	NÓC, PÓT	Reamh-chruinniú pleanála dírithe ar chur chuige na tuairisce deireanaí agus torthaí deireanach an tionscnaimh.
12/05/15	An Carn	CFCT, PÓT, LNÍT	Tuairiscí deireanacha an tionscnaimh; anailís dheireanach ón suirbhé; pleanála iar-thionscnaimh á bplé.

1.3.4 Líon imeachtaí

Dáta	Ionad	Rannpháirtithe	Cineál Imeachta
7/2/15	An Carn	CFCT, PÓT, LNÍT	Ceardlann Eolais dírithe ar CFCT amháin
21/2/15	An Carn	Éascaitheoirí seachtracha, comhphobal na Gaeilge.	Lá comhairliúcháin dírithe ar dhaoine sa cheantar a bhíonn páirteach agus gníomhach sa ghluaiseacht teanga agus ar cainteoirí líofa Gaeilge iad.
5/3/15	An Carn	Éascaitheoirí seachtracha, daoine sa cheantar a bhfuil baint acu leis an teanga ach nach cainteoirí líofa iad.	Lá comhairliúcháin dírithe ar dhaoine sa cheantar a bhfuil baint acu leis an teanga ach nach cainteoirí líofa iad.

2. Suirbhé ar an chomhphobal

2.1 Cúlra agus Spriocanna an tsuirbhé

Ghlac an grúpa leis an choincheap gur chóir mór-shuirbhé a éascú leis an mhórphobal i gceantar Charn Tóchair. Cé go raibh laethanta comhairliúcháin eagraithe, bhí siad seo dírithe orthu siúd a raibh baint de chineál éigin acu leis an teanga nó le hobair ‘An Carn’ cheana féin. Mar sin, d’aontaíodh d’aon ghuth go raibh gá láidir le barúlacha na ndaoine nach mbíonn gníomhach leis an teanga a bhailiú. Thuig an coiste go mbeadh sé deacair líon úsáideach gnó den ghrúpa daoine seo a tharraingt le chéile i bhfoirm la chomhairliúcháin, agus pléadh gur féidir go mbaileofaí tuairimí faoi leith sa suirbhé nach dtiocfadh chun tosaigh ag seisiún poiblí.

Bhí an suirbhé dírithe ar réimse eolais a bhailiú maidir le cumas, úsáid agus tuairimí i leith na Gaeilge sa saol laethúil. Glacadh leis gur luachmhar agus gur fíor-úsáideach réimse na mbarúlacha seo ón phobal ar fad, agus go gcuideodh sé seo bunlíne, idir cumas agus dearcadh, a chruthú don phobal áitiúil. Chreid an coiste gur chruthaigh úsáid an cheistneora timpeallacht neodrach don fhaisnéiseoir agus féidearthachtaí níos airde oibiachtúlachta agus ionracais ón phobal féin.

2.2 An Mhodheolaíocht

2.2.1 Cur síos ginearálta

- An Ceistneoir:
 - Fágadh an ceistneoir le ball teaghlach sinsearach (nó ar son an duine sin) agus iarradh orthu é a líonadh isteach ina gcuid ama féin. Bhí plé ann nár chóir an ceistneoir a líonadh os comhair an oibrí ar eagla go gcuirfeadh seo isteach ar ionracas na bhfreagraí. Aontaíodh gurbh fhearr é a fhágáil sa teach agus iarradh ar dhaoine am a chaitheamh leis ar bhonn pearsanta.
 - Más rud é gur iarr muintir an tí cóipeanna breise a fhágáil leo do na bail eile sa teaghlach, fágadh acu iad.
 - Bailíodh na ceistneoirí ansin i ndiaidh trí lá.
- Limistéir na bhfaisnéiseoirí agus am-scála comhairliúcháin:
 - Chuaigh trí ghrúpa de bheirt amach i mbun na suirbhéanna a dháileadh ar an phobal. Thosaigh na grúpaí féin ag An Carn agus plean comhordaithe ann go rachadh siad triúr bealaí éagsúla, ceithre huair in aghaidh na hoíche, ar feadh dhá oíche. Bailíodh na ceistneoirí ansin ó na títhe ar fad ar an tríú oíche. Cloíodh le mór-cheantar Shleacht Néill, Machaire Rátha agus an pobal máguaird. Mar gheall ar an teorainn ama agus acmhainní daonna, cloíodh le mór-abhantrach Charn Tóchair fríd ga tomhaiste ocht n-uair. Clúdaíodh an mór-cheantar a mbíonn an phríomhtheagmháil leis An Carn acu de ghnáth. Meastar go mbeidh an t-eolas a bailíodh ionadaíoch go maith ar an mhór-phobal trí chéile.
- Acmhainní daonna:

- Ceapadh mic léinn áitiúla le tabhairt fan obair seo. Ach amharc ar chúrsaí buiséid agus ama glacadh an cinneadh gur chóir an obair seo a chur i gcrích idir 26/12/14 – 28/12/14, nuair a bhí na mic léinn saor ón Ollscoil / scoil agus scrúduithe, agus nuair a bhí bunús an phobail abhaile don Nollaig.
- Ó tharla nach raibh baint dhíreach acu leis an tionscnamh seo chonacthas don choiste gur laghdaigh seo féidearthachtaí suibiachtúlachta nó dul i bhfeidhm seachtrach.

2.2.2 An Ceistneoir

- Dréachtaíodh na ceisteanna ag na cruinnithe pleanála bunaithe ar na téamaí a d'aithin an coiste bheith lárnach i réimse na pleanála teanga agus go praiticiúil sa phobal seo.
- Cuireadh béim faoi leith ar na téamaí seo a leanas:
 1. Cumas agus Úsáid na Gaeilge: 'Part A -You and the Irish Language'
 2. An Ghaeilge sa Phobal: 'Part B - The Irish Language in your area'
 3. An t-Oideachas agus an teaghlach: 'Part C - Irish Medium Education'
 4. Tuairimí i leith na teanga: 'Part D - Your own opinion towards Irish'
- Tá leaganacha Gaeilge agus Béarla den cheistneoir seo ceangailte leis an tuairisc seo mar aguisíní.
- Is é an leagan Béarla a scaipeadh ar an chomhphobal ach bhí rogha dhátheangach ann.

2.3 Léiriú ar thorthaí loma an tsuirbhé

Go ginearálta bhí formhór na bhfreagraí dearfach agus is léir go bhfuil dea-thoil sa mhór cheantar don Ghaeilge. Is léir, áfach, go bhfuil daoine ann nach bhfuil chomh dearfach faoi chur chun cinn na Gaeilge sa cheantar faoi láthair agus ag éirí as an léargas sin bheadh sé tábhachtach ról an Choiste Fhorbartha a mheas maidir le míthuiscintí agus easpa eolais atá taobh thiar de na barúlacha sin, agus na dóigheanna ar féidir dul i ngleic leo.

Tá torthaí loma an tsuirbhé, mar a bhí ceangailte leis an cheistneoir, briste síos agus ceangailte leis an tuairisc seo mar agusín.

Seo a leanas briseadh síos agus scagadh ar roinnt de na mór-théamaí a tháinig chun solais:

- Léirigh 143 as 209 (69%) go raibh siad ábalta an Ghaeilge a labhairt ag leibhéal éigin – idir cúpla focal agus líofacht.
- Luaigh 34 as 209 (16.3%) go raibh idir líofacht mheasartha agus líofacht fhíormhaith sa Ghaeilge acu.
- D’fhreagair 38 as 209 (18.2%) go raibh idir tuiscint mheasartha agus tuiscint mhaith acu ar an Ghaeilge. Is léir ó na tuairimí a tugadh fosta gur ar mheánscoil a d’fhoghlaim roinnt mhaith de na faisnéiseoirí a gcuid Ghaeilge.
- Léirigh 70%+ de na freagróirí go mbeadh suim acu cur lena gcuid Gaeilge.
- Úsáideann beagnach 25% de na freagróirí leibhéal éigin Gaeilge sa teach.
- Ba mhaith le 65% de dhaoine níos mó Gaeilge a úsáid sa teach.
- Tá leibhéal ard tuisceana go ginearálta maidir le hathbheochan na Gaeilge agus na himeachtaí a bhíonn ag tarlú sa cheantar.
- Thug 60% de na faisnéiseoirí le fios nach nglacann siad páirt in am ar bith ar imeachtaí Gaeilge sa cheantar áitiúil.
- Léirigh breis agus 75% d’fhreagróirí go mbeadh suim acu páirt níos gníomhaí bheith acu in imeachtaí agus gníomhartha áitiúla Gaeilge.
- Tá tuiscint ag breis agus 80% de na faisnéiseoirí ar fhás na Gaelscolaíochta sa cheantar.
- Bhí baint dhíreach teaghlaigh ag níos lú ná 30% de na faisnéiseoirí leis an Gaelscolaíocht
- Thug tromlach ollmhór freagróirí (105/121 nó 87%), a bhfuil baill theaghlaigh in earnáil an oideachais Bhéarla acu, thug le fios gur mhaith leo go bhfoghlaimfeadh a gcuid paistí Gaeilge.
- I measc na bhfreagróirí a bhfuil paistí acu ag aois réamhscoile nó atá ag beartú paistí bheith acu, léirigh 43% (38) acu go gcuirfeadh siad iad fríd oideachas lánGhaeilge; d’fhreagair 33% (2) le “b’fhéidir” agus 25% (22) go diúltach.
- Chuir breis agus 90% in iúl go gcreideann siad gur rud fiúntach é í athbheochan na Gaeilge agus go gcuireann sé go dearfach leis an phobal áitiúil.
- Léirigh 8.2% de na freagróirí go mbíonn / go raibh siad gníomhach leis an Ghaeilge sa cheantar áitiúil agus mhéadaigh an figiúr seo go beagnach 33% nuair a cuireadh daoine a bhíonn / a bhí measartha gníomhach san áireamh.

Léiríonn torthaí an cheistiúcháin go ginearálta go bhfuil leibhéal maith measa agus bróid d’athbheochan na Gaeilge i measc chuig mhór de na freagróirí, fiú ina measc siúd nach cainteoirí Gaeilge iad. Is ábhar misnigh do lucht athréimnithe na Gaeilge sa cheantar iad na leibhéil arda dhea-thola mar aon leis an dearcadh coitianta atá ann gur rud maith í athbheochan na Gaeilge don cheantar áitiúil. Is léir óna freagraí a tugadh anseo go bhfuil cuid mhór daoine

sásta tacú le tógáil na tairsí criticiúla Gaeilgeoirí a úsáideann a dteanga sa phobal. Is cosúil, áfach, nach bhfuil bá ann i measc an phobail ar fad d'fhás na teanga agus tá fianaise ann a thugann le fios go bhfuil frithbheartaíocht / easaontas ann do dhaoine a bhíonn ag labhairt Gaeilge i gcomhthéacs sóisialta laistigh de mhórphobal Béarla. Tacaíonn seo leis an ghá mhór chun an mórphobal leathan a chumasú agus a oiliúint maidir le nósanna teanga atá ag athrú sa phobal, agus chun comhthuiscint agus inghlacthacht a chur chun cinn gur ghnáth-theanga labhartha í an Ghaeilge sa phobal.

Is léir go bhfuil leibhéal maith eolais ag daoine maidir le hathbheochan na teanga sa cheantar agus go mbíonn leibhéal réasúnta rannpháirtíochta in ócáidí agus imeachtaí eagraithe ag An Carn.

Nocht roinnt freagróirí barúil nach ndéanann An Carn mórán do pháistí nach bhfuil sa chóras Gaeloideachais nó do dhaoine nach labhraíonn Gaeilge agus go ndéantar tosaíochtaí de pháistí atá sa chóras Gaeloideachais, ag an ócáid 'Tír iontas an Gheimhridh' mar shampla. Mar a tharlaíonn, soláthraíonn clár imeachtaí An Carn níos mó imeachtaí agus tionscnamh i mBéarla amháin nó go dátheangach ná mar a chuirtear ar fáil i nGaeilge amháin, do dhaoine fásta ach go háirithe, agus d'fhreastail an ócáid 'Tír iontas an Gheimhridh' ar dhaltaí in earnáil an Bhéarla agus in earnáil na Gaeilge go hiomlán mar i gcéanna – cuireadh an ócáid chéanna ar fáil i nGaeilge do lucht na Gaelscolaíochta agus cuireadh í ar fáil i mBéarla do lucht an Bhéarla.

Tá gá ann an mórphobal leathan agus na teaghlaigh nach gcuireann a bpáistí fríd an Ghaeloideachais a chur ar an eolas agus a oiliúint maidir leis na himeachtaí agus na hócáidí a bhíonn ar siúl in An Carn. Is léir ó na freagraí go bhfuil éileamh ann i measc thuismitheoirí a bhfuil páistí acu in earnáil an Bhéarla go bhfoghlaiméoidh na paistí sin Gaeilge agus thabharfadh seo deis tuilleadh daoine a mhealladh i dtreo an Ghaeilge a fhoghlaim agus iad a cheangail isteach leis An Carn féin níos minice.

Cé go bhfuil na ráitis agus na barúlacha a tugadh i dtaobh na Gaelscolaíochta dearfach don chuid is mó, léirítear ann fosta go bhfuil gá ann an mórphobal leathan and thuismitheoirí a chur ar an eolas agus a oiliúint maidir le buntáistí agus prionsabail an Ghaeloideachais.

Luaigh go leor faisnéiseoirí mian ar son thuilleadh oibre leis an Chumann CLG áitiúil agus don chumann féin bheith níos rannpháirtí maidir le cur chun cinn na teanga agus tacú le fás na teanga go háitiúil. Cé go bhfuil leibhéal maith comhoibríthe agus rannpháirtíochta ann idir an chlub CLG agus An Carn is léir go bhfuil mian ann an comhoibriú agus an rannpháirtíocht a mhéadú, rud a chruthódh cuid mhór deiseanna breise chun an teanga a chur chun cinn, go háirithe i measc na bpáistí sin nach bhfuil sa chóras Gaeloideachais.

2.4 Tuairisc agus anailís ar thorthaí an tsuirbhé

Rinneadh iarracht acmhainneacht fhás na Gaeilge a mheas san anailís seo a leanas. Chuige sin, tá aird ar leith tugtha ar na tionchair seo a leanas:

1. Acmhainneacht fhás líon na gcainteoirí Gaeilge
2. Acmhainneacht fhás líon na ndaltaí bunscoile
3. Rannpháirtíocht in imeachtaí Gaeilge an cheantair
4. An Ghaeilge sa bhaile
5. Báúlacht an phobail don an Ghaeilge

Acmhainneacht fhás líon na gcainteoirí - anailís de réir chumas Gaeilge na bhfreagróirí

Cuireadh torthaí cheist 2 (Cad é mar a dhéanfa cur síos ar do chumas i dtaobh labhairt na Gaeilge?) agus torthaí cheist 4 (Ar mhaith leat an Ghaeilge a fhoghlaim nó an cumas reatha atá agat a fheabhsú?) le chéile chun measúnacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag cumas Gaeilge na bhfreagróirí ar a dtoil le Gaeilge a fhoghlaim nó a fheabhsú. Is ábhar dóchais é go raibh meon dearfach i leith fhoghlaim na Gaeilge ag tromlach na bhfreagróirí nach bhfuil Gaeilge acu nó a bhfuil fíorbheagán acu. Is léir go bhfuil deis ann le dul i bhfeidhm ar dhaoine in ainneoin an chumais, ach go bhfuil níos mó gá ann dul i bhfeidhm ar dhaoine nach bhfuil eolach ar an teanga cheana féin. Anseo, beidh feidhm le ranganna Gaeilge agus dianchúrsaí chun suim a spreagadh nó a bhuanú agus cumas a fheabhsú.

Tábla 1¹

2. Cad é mar a dhéanfa cur síos ar do chumas i dtaobh labhairt na Gaeilge?	4. Ar mhaith leat an Ghaeilge a fhoghlaim nó an cumas reatha atá agat a fheabhsú?	Céatadán
Gaeilge ar bith/fíorbheagán	B'fhéidir / Ba mhaith	66.67%
Go Measartha	B'fhéidir / Ba mhaith	86.67%
Líofa nó beagnach líofa	B'fhéidir / Ba mhaith	92.31%

Acmhainneacht fhás líon na gcainteoirí Gaeilge sa bhaile - anailís de réir cé chomh minic is a labhraítear Gaeilge sa bhaile faoi láthair

Cuireadh torthaí cheist 5 (An mbíonn an Ghaeilge in úsáid agat sa bhaile / le do chlann?) agus torthaí cheist 6 (An mbeadh suim agat tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile / le do chlann?) le chéile chun toil na bhfreagróirí le níos mó Gaeilge a labhairt sa bhaile a mheas. Tá na torthaí léirithe i dtábla 2 thíos. Dá mhínic a labhraítear Gaeilge sa bhaile ardaíonn an céatadán d'fhreagróirí ar mhaith leo Gaeilge a úsáid sa bhaile. Ó thaobh acmhainneacht fhás líon na gcainteoirí Gaeilge baile de, is díol spéise é gur mhaith le 45.9% nár labhair Gaeilge riamh sa bhaile í a úsáid sa bhaile. Léiríonn an anailís seo go bhfuil deiseanna ann cur le cumas Gaeilge na rannpháirtithe trí ócáidí oiliúna agus eile ar nós 'Tacú le Teaghlaigh', cúrsaí dírithe ar thuismitheoirí, ciorcal comhrá, srl.

Tábla 2

¹ Nóta míniúcháin (Tábla 1):

Ceist 2 => 1,2, nó 3 - Gaeilge ar bith/fíorbheagán

Ceist 2 => 4,5,6, nó 7 - Go measartha


Ceist 2 => 8,9, nó 10 - Beagnach líofa / Líofa

5. An mbíonn an Ghaeilge in úsáid agat sa bhaile / le do chlann?	6. An mbeadh suim agat tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile / le do chlann?	Céatadán
Ní bhíonn	Ba mhaith	45.9%
Anois agus arís	Ba mhaith	91.4%
Bíonn go minic	Ba mhaith	100%

Acmhainneacht fhás líon na ndaltaí bun scoile a roghnaíonn an Gaeloideachas

Iarradh ar na freagróirí sin a bhfuil páiste acu ach nach bhfuil an páiste ar scoil go fóill agus orthu siúd a bhfuil sé beartaithe clann a bheith acu amach anseo an mbeadh siad sásta dul leis an Ghaeloideachas. Tá torthaí na ceiste (14) léirithe i nGraf 1.

Graf 1²



Cuireadh torthaí cheist 11 (An bhfuil tú eolach ar fhás an Ghaeloideachais i do cheantar?) agus torthaí cheist 14 (Má tá páistí agat ag aois réamhscoile, nó dá mbeadh páistí agat sa toadhchá, an gcuirfeá iad ar an bhunscoil Gaeilge?) le chéile chun an tionchar atá ag eolas ar an dul chun cinn atá déanta ag an Ghaeloideachas sa cheantar ar an dóchúlacht go gcuirfí páistí ar bhunscoil lán-Ghaeilge. Tá miondealú ar cé chomh heolach is atá na freagróirí a chuirfeadh páiste ar bhunscoil lán-Ghaeilge ar an Ghaeloideachas i dtábla 3. Tá miondealú ar cé chomh heolach is atá na freagróirí nach gcuirfeadh páiste ar bhunscoil lán-Ghaeilge ar an Ghaeloideachas i dtábla 4.

Tábla 3

14. Má tá páistí agat ag aois réamhscoile, nó dá mbeadh páistí agat sa toadhchá, an gcuirfeá iad ar an bhunscoil Gaeilge?	11. An bhfuil tú eolach ar fhás an Ghaeloideachais i do cheantar?	Céatadán
Chuirfinn	Níl / aineolach	0.00%

² Nóta míniúcháin (graf 1): Is giorrúchán é N/B ar “ní bhaineann sé liom”.

Chuirfinn	Measartha aineolach	2.63%
Chuirfinn	Eolas éigin	31.58%
Chuirfinn	Eolach	23.68%
Chuirfinn	Fíor-eolach	42.11%

Tábla 4

Má tá páistí agat ag aois réamhscoile, nó dá mbeadh páistí agat sa todhchaí, an gcuirfeá iad ar an bhunscoil Gaeilge?	An bhfuil tú eolach ar fhás an Ghaeloideachais i do cheantar?	Céatadán
Ní chuirfinn	Níl / aineolach	27.27%
Ní chuirfinn	Measartha aineolach	4.55%
Ní chuirfinn	Eolas éigin	27.77%
Ní chuirfinn	Eolach	27.77%
Ní chuirfinn	Fíor-eolach	9.09%
Neamhchomhlánaithe	Neamhchomhlánaithe	4.55%

Taispeántar, fríd an anailís seo, go bhfuil tuilleadh oibre le déanamh chun daoine a chur in eolas ar cheist an Ghaeloideachais. Braitheann líon na ndaoine a chuirfeadh a bpáistí chuig gaelscoil ar an mhéid eolais atá acu. Cé go bhfuil daoine ann a bheadh sásta a bpáistí a chur fríd an chóras ghaelscolaíochta measartha eolach ar an chóras, tá breis agus trian acu a atá aineolach no nach bhfuil ach rud beag eolais acu. Ardaíonn an figiúr seo go 60% i measc na ndaoine a dúirt nach gcuirfeadh siad a bpaistí a chur ar Ghaelscoil. Tá gá mar sin le cumasú an phobail ar an cheist seo agus feachtas bolscaireachta bunaithe ar eolas a chur chun cinn amach anseo.

Rannpháirtíocht in imeachtaí Gaeilge an cheantair

Cuireadh torthaí cheist 9 (An raibh tú riamh nó an mbíonn tú rannpháirteach in aon imeachtaí Gaeilge i do cheantar féin?) agus torthaí cheist 10 (Ar mhaith leat bheith níos rannpháirtí in imeachtaí áitiúla Gaeilge?) le chéile chun acmhainneacht fhás rannpháirtíochta in imeachtaí Gaeilge a mheas. Cuireadh béim ar an 60% d'fhreagróirí (ceist 9) nach ndéanann freastal ar imeachtaí Gaeilge an cheantair. Té léiriú ar na torthaí i dtábla 5 thíos.

Tábla 5³

9. An raibh tú riamh nó an mbíonn tú rannpháirteach in aon imeachtaí Gaeilge i do cheantar féin?	10. Ar mhaith leat bheith níos rannpháirtí in imeachtaí áitiúla Gaeilge?	Céatadán

³ Nóta míniúcháin (Tábla 5):

Ceist 10 – ‘2’ nó ‘3’ => B’fhéidir gur mhaith

Ceist 10 – ‘4’ nó ‘5’ => Ba mhaith

Ní bhím Ní raibh riamh	B'fhéidir gur mhaith	54.4%
Ní bhím Ní raibh riamh	Ba mhaith	14.4%

Tugtar le fios san anailís seo go bhfuil spéis éigin ag breis agus 60% de na freagróirí nach raibh riamh páirteach in imeachtaí bheith níos rannpháirtí amach anseo. Aithnítear anseo bá áirithe ní amháin don teanga ach do na féidearthachtaí oiliúna nó siamsaíochta a chuirtear ar fáil sa cheantar agus ba chóir tuilleadh béime a chur ar dhaoine nua a mhealladh chuig ócáidí chomh maith le hócáidí faoi leith a dhíriú ar 'ghlan-thosaitheoirí'.

Gaol idir tuismitheoirí bunscoile agus rannpháirtíocht in imeachtaí Gaeilge

Cuireadh torthaí cheist 9 (An raibh tú riamh nó an mbíonn tú rannpháirteach in aon imeachtaí Gaeilge i do cheantar féin?) agus torthaí cheist 12 (An bhfuil / an raibh duine ar bith sa teaghlach agat sa chóras Gaeloideachais?) le chéile chun measúnacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag tuismitheoirí bunscoile ar rannpháirtíocht in imeachtaí Gaeilge an cheantair. Tá na torthaí le feiceáil i dtábla 6 thíos.

Tábla 6

12. An bhfuil nó an raibh duine ar bith sa teaghlach agat sa chóras Gaeloideachais?	9. An raibh tú riamh nó an mbíonn tú rannpháirteach in aon imeachtaí Gaeilge i do cheantar féin?	Céatadán
Níl Ní raibh	Bhí Bím	27.89%
Níl Ní raibh	Ní raibh Ní bhím	72.11%
Tá Bhí	Bhí Bím	71.93%
Tá Bhí	Ní raibh Ní bhím	28.07%

Is féidir a mhaíomh ó na figiúir seo gur dóchúla go ndéanfadh tuismitheoirí freastal ar imeachtaí Gaeilge má tá páiste nó más rud é go raibh páiste acu ar an bhunscoil. Cruthaíonn an ghaelscoil mar sin nasc idir an teaghlach ar fad agus pobal na Gaeilge. Is cruthú é sin go gcothaíonn bunscolaíocht rannpháirtíocht in imeachtaí Gaeilge.

Dearcadh na bhfreagróirí ar an cheist "An síleann tú gur rud fiúntach agus dearfach é an t-athbheochan Gaeilge do do cheantar féin?" - anailís de réir cé acu an bhfuil Gaeilge ag an duine nó nach bhfuil:

Cuireadh torthaí cheist 1 (An bhfuil Gaeilge agat?) agus torthaí cheist 15 (An síleann tú gur rud fiúntach agus dearfach é an t-athbheochan Gaeilge do do cheantar féin?) le chéile chun measúnacht a dhéanamh ar an tionchar atá ag cumas Gaeilge na bhfreagróirí ar bháúlacht an phobail i dtaobh na hathbheochana. Tá na torthaí léirithe i dtábla 7 thíos.

Tábla 7


1. An bhfuil Gaeilge agat?	15. An síleann tú gur rud fiúntach agus dearfach é an t-athbheochan Gaeilge do do cheantar féin?	Céatadán
Níl	Ní shílim	7.89%
Níl	Sílim	90.91%
Tá	Ní shílim	1.56%
Tá	Sílim	98.44%

Tá sé iontach soiléir ón anailís seo go bhfuil tromlach mór de na freagróirí báúil beag beann ar a gcumas Gaeilge. Is léiriú dearfach é seo ar bhá an phobail don teanga agus moltar gur chóir an staitistic seo a úsáid ar ábhar bolscaireachta amach anseo.

Is é mian na bhfreagróirí go mbeadh Gaeilge ag daltaí scoile lán-Bhéarla:

Tá na torthaí ar cheist 13 (Má tá páistí agat nó ag duine sa teaghlach atá san earnáil oideachais Bhéarla, ar mhaith go bhfoghlaimeoidh siad Gaeilge?) léirithe i nGraf 2 thíos.

Graf 2⁴



Tá bunús na bhfreagróirí ar bhain an cheist leo i bhfách le páistí scoile lán-Bhéarla Gaeilge a fhoghlaim. Is cruthú é sin ar bháúlacht an chomhphobail trí chéile don Ghaeilge.

Rinneadh torthaí cheist 13 (Má tá páistí agat nó ag duine sa teaghlach atá san earnáil oideachais Bhéarla, ar mhaith go bhfoghlaimeoidh siad Gaeilge?) agus torthaí cheist 12 (An bhfuil / an raibh duine ar bith sa teaghlach agat sa chóras Gaeloideachais?) a chur le chéile. Tá na torthaí léirithe i dtábla 8 thíos.

Tábla 8

13. Má tá páistí agat nó ag duine sa teaghlach atá san earnáil oideachais Bhéarla, ar mhaith go bhfoghlaimeoidh siad Gaeilge?	12. An bhfuil / an raibh duine ar bith sa teaghlach agat sa chóras Gaeloideachais?	Céatadán
Ba mhaith	Tá / Bhí	27.62%
Ba mhaith	Níl/Ní raibh	70.48%

⁴ Nóta míniúchán (graf 2):

Is giorrúchán é N/B ar “ní bhaineann sé liom”.

Neamhchomhlánaithe	Neamhchomhlánaithe	1.9%
--------------------	--------------------	------

Léirítear go soiléir sna figiúir seo thuas nach raibh mórán de bhaint leis an Ghaeloideachas ag bunús na bhfreagróirí ar mhian leo go mbeadh deis ag daltaí scoile lán-Bhéarla Gaeilge a fhoghlaim. Is ionann sin agus a rá gur léirigh breis agus 70% suim in oiliúint sa Ghaeilge dá bpáistí in ainneoin aon bhaint eile leis an chóras Gaelscolaíochta roimhe sin.

3. Ceardlann eolais don choiste

3.1 Cúiseanna agus Spriocanna na ceardlainne

Mar chuid lárnach den tionscnamh seo, eagraíodh la eolais agus ceardlann eolais i leith na pleanála teanga don choiste oibre féin. Reáchtáladh an cheardlann lae seo in An Carn, 7 Feabhra 2015. Ba í an sainchomhairleoir, Dr Laoise Ní Thuairisg, a stiúir agus a chuir an cheardlann i láthair. Briseadh an lá in dá chuid, agus cuireadh béim faoi leith ar an teoiric acadúil a bhaineann leis an phleanáil teanga agus béim eile ar úsáid na teoirice seo i gceantar Charn Tóchair.

I measc na spriocanna don la seo bhí:

Cuid a hAon: An Comhthéacs Teoiriciúil:

- Teoiricí acadúla na pleanála teanga a mhíniú
- Cur chuige sainiúil na pleanála teanga a mhíniú
- Struchtúr agus céimeanna sa phleanáil teanga a aithint go soiléir
- Príomh-théarmaíocht na pleanála teanga a phlé
- Dea-chleachtas agus droch-chleachtas i leith na pleanála teanga a léiriú
- Na baill choiste a chumasú i gcleachtas na pleanála teanga

Cuid a Dó: An Phleanáil Teanga i gCarn Tóchair:

- Mór-spriocanna an tionscnaimh seo a shoiléiriú
- Misean-ráitis don tionscnamh a chinntiú
- Misean-ráitis don Ghaeilge sa cheantar, i gcomhthéacs na pleananna teanga a phlé
- An staid reatha i gCarn Tóchair a aithint, i dtaobh na pleanála teanga
- Idir-dhealú a dhéanamh idir ‘Straitéis 20 Bliain Charn Tóchair’ agus ‘Plean Teanga’
- Mór-théamaí do na laethanta comhairliúcháin a aontú
- Cur chuige agus modheolaíocht na laethanta comhairliúcháin a chinntiú

3.2 Tuairisc an tsainchomhairleora pleanála teanga, Dr Laoise Ní Thuairisg

Ceardlann eolais don Choiste

Le linn na ceardlainne a reáchtáladh do Choiste Charn Tóchair chuir muid spriocanna áirithe romhainn:

- cur síos ar theoiric na pleanála teanga, go háirithe mar a bhaineann sé leis an bpleanáil teanga ag leibhéal an phobail
- mianta an choiste don phróiseas a phlé, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise atá i bhfeidhm cheana féin
- Spriocanna ar an bpróiseas a aontú agus plean oibre a leagan amach

Tuigtear go bhfuil straitéis i réim cheana féin ag an bpobal chun an Ghaeilge mar theanga phobail a threisiú agus mar sin míníodh go gcaithfeadh pé obair a dhéanfaí anois teacht leis an straitéis sin. Is cáipéis théagartha agus mheáite í an straitéis atá ina buntáiste as cuimse don phobal agus iad i mbun na pleanála teanga. Aithnítear freisin gurb éard atá i gceist san obair idir lámha meastóireacht ar mar atá ag éirí leis an straitéis, staid reatha na teanga sa phobal a aithint agus idirghabhálacha éifeachtacha a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun an straitéis sin agus na dea-chleachtais agus moltaí inti a choinneáil ar bhóthar a leasa.

Luadh freisin go raibh próiseas taighde curtha sa tsiúil cheana féin nach raibh fréamhaithe i bprionsabail pleanála teanga agus nach raibh mórspríoc pleanála teanga comhaontaithe laistiar de. Bhí sé ríthábhachtach, sula nglacfaí an chéad chéim eile leis an taighde seo go ndéanfaí machnamh ar na cúiseanna laistiar den taighde agus an leas a bhainfí as na torthaí. Luadh freisin, i bhfianaise an scála ama gearr a bhí leagtha amach don phróiseas idir lámha, agus i bhfianaise tús curtha le taighde cheana féin nach raibh ionchur pleanála teanga ann, go raibh plean teanga don phobal mar sprioc inti féin ró uaimhianach. É sin ráite, ní fhágann sin nach bhféadfadh na céimeanna tosaigh seo a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm ionas go rachadh siad chun leasa phlean teanga a chuirfí i dtoll a chéile amach anseo.

Maidir leis na spriocanna a pléadh leis an gcoiste le linn na ceardlainne, luadh réitigh ghearr agus mheántréimhseacha mar spriocanna ach ní mba léir go raibh próiseas ar bith curtha sa tsiúil go fóill chun tuiscint níos géire a fháil ar na fadhbanna a spreag na réitigh seo. Ba é seo is dóigh an dúshlán ba mhó a bhain leis na céimeanna tosaigh den phróiseas, sprioc réadúil a aontú a bhféadfaí plean gnímh a leagan amach chuige. Ag eascairt as an bplé, socraíodh ar spriocanna éagsúla a bhí ag an bpobal chun an teanga a chothú agus a threisiú mar theanga phobail agus freisin chun soiléiriú a dhéanamh ar threo an phróisis phleanála. Áirítear i measc na spriocanna sin:

- Próiseas pleanála teanga a bhunú leis an nGaeilge a chothú mar theanga bheo bhisúil an phobail agus ina bhféadfaí spriocanna agus gníomhaíochtaí teanga an phobail a lonnú agus a fhorbairt.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha, agus sa chás go raibh gá leis, modhanna níos éifeachtaí chun spriocanna áirithe a bhaint amach a fhiosrú agus a iomlánú sa phróiseas
- Leibhéal úsáide na Gaeilge i measc an phobail a ardú
- An líon daoine a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu a mhéadú agus freisin an cumas sin a threisiú chuig leibhéal líofachta
- Na gréasáin shóisialta don aos óg ina bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide iontu a chothú agus a mhéadú
- Meon dearfach i leith an oideachais lánGhaeilge a chothú i measc an phobail i gcoitinne ag súil go mbeadh borradh faoin rannpháirtíocht mar thoradh air seo

- Idirghabháil éifeachtach a chur i bhfeidhm chun an ráta aistrithe idir leibhéil éagsúla an oideachais lánGhaeilge a mhéadú⁵
- Líon na ndaoine atá ag freastal ar gach céim den oideachas lánGhaeilge a ardú
- Gréasáin shóisialta do theaghlach agus do thuismitheoirí a chothú
- Meon dearfach a chothú i measc an phobail a chuirfeadh le rannpháirtíocht an phobail san eagrú agus sa bhfreastal a dhéantar ar imeachtaí Charn Tóchair

Bhí sé ríthábhachtach freisin go socrófaí ar an sprioc leis an bpróiseas bailiú eolais sula dtabharfar baill den phobal le chéile. Tarlaíonn go mion minic go n-éiríonn baill den phobal tuirseach de phróisis éagsúla bailiú eolais nuair nach léir dóibh cén ról atá acu ann, ná cén leas a bhainfead as a dtuairimí. I gcás na pleanála teanga, is gné achrannach í seo den phróiseas ó tharla go bhfuiltear ag brath ní hamháin ar ionchur na ndaoine ag leibhéal tuairimí ach freisin ag an leibhéal is airde gnímh. Achrann eile a bhaineann leis an bpróiseas go mbíonn grúpaí deonacha go minic ag brath ar rannpháirtíocht an phobail agus ní cóir mí-úsáid a bhaint as an dea-thoil seo. Dá bhrí sin socraíodh go mbainfí leas as torthaí an tsuirbhé a bhí dailte cheana féin ach go ndéanfaí iarracht seisiúin eile bailithe eolais a réachtáil a thacódh leis an suirbhé agus a fhreagródh do na bearnaí a bhain leis. Socraíodh ar seisiúin chomhairliúcháin a réachtáil leis an bpobal chun a dtuairimí féin a fháil ar chleachtais teanga an phobail. Dhéanfaí seo chun an staid reatha de bhisiúlacht an teanga sa phobal a aithint agus freisin chun deis a thabhairt do phobal an cheantair lámh a bheith acu sa phróiseas agus a dtuairimí féin ar chleachtais reatha a thabhairt mar aon le moltaí nua a chur chun cinn. Tá tuairisc ar na seisiúin chomhairliúcháin sin le fáil níos faide anonn sa cháipéis seo.

4. Comhairliúchán 1: Pobal na Gaeilge

⁵ Nóta ó PÓT: Bíonn an ráta aistrithe dearfach agus forásach sa chomhthéacs seo - de ghnáth bíonn thart ar 80-90% ag aistriú ó Náiscoil Charn Tóchair agus bíonn idir 50-70% ag aistriú ó Náiscoil Mhachaire Rátha – tá Náiscoil Mhachaire Rátha ag ardú le cúpla bliain anuas ach aithnítear anseo go bhfuil gá leis an ráta seo a ardú i rith an ama go leanúnach.

4.1 Cur síos agus cúlra

Mar chuid lárnach de mhodhanna bailithe eolais agus aischothaithe ón phobal, reáchtáladh comhairliúchán lae le pobal na Gaeilge i mórcheantar Charn Tóchair, 21 Feabhra, in An Carn féin. Cuireadh fáilte mhór roimhe dhuine ar bith a mbíonn baint acu leis an teanga nó le gluaiseacht na teanga in An Carn freastail ar an ócáid. Díriodh an ócáid faoi leith seo ar lucht labhartha na Gaeilge, agus mhothaigh an coiste go raibh feidhm thábhachtach ceann de na seisiúin seo a reáchtáil iomlán trí mheán na Gaeilge. Ag teacht sna salaí ar an suirbhé a rinneadh, moladh gur chóir ócáid mar seo a chur ar fáil le pobal na Gaeilge a tharraingt le chéile agus staid reatha na Gaeilge a phlé i ngrúpaí. Feidhmíonn ócáid mar seo mar spreagadh comhrá ann féin, agus meallann sí daoine le chéile le réimsí ábhar a bhaineann leis an teanga agus leis an phobal a phlé.

Chonacthas don choiste go raibh sé rí-thábhachtach nach raibh duine ar bith ar Choiste Forbartha Charn Tóchair, nó a bhíonn fostaithe ag An Carn, páirteach sna grúpaí seo, ar eagla ionchur nó tionchar inmheánach ar an phobal féin. Rinneadh lucht freastail an chomhairliúcháin a rangú i dtrí ghrúpa faoi leith, agus ceapadh na héascaitheoirí neamhspleácha seachtracha seo a leanas le dul i mbun plé leis na grúpaí áirithe:

- Daoine óga (faoi 25) Dr Pádraig Ó Tiarnaigh
- Daoine fásta (1) Dr Fionntán de Brún
- Daoine fásta (2) Dr Laoise Ní Thuairisg

Bhí trí sheisiún plé ann mar chuid den lá seo, mar a cuireadh síos sa chláir ama ar an lá (thíos). D'aontaigh an coiste go raibh tábhacht leis an lucht freastail ar fad a tharraingt le chéile ag an deireadh le héisteacht le tuairiscithe na n-éascaitheoirí ó na grúpaí eile agus le tuilleadh plé a dhéanamh mar mhór-phobal ar na mór-phointí a d'eascair as na seisiúin ghrúpaí.

- Intreoir don phleanáil teanga Dr Laoise Ní Thuairisg
- Plé Grúpa 1 Éascaitheoirí x3
- Plé Grúpa 2 Éascaitheoirí x3
- Tuairiscí na n-éascaitheoirí don mhór ghrúpa
- Seisiún aischothaithe agus plé oscailte le gach duine

Aontaíodh ar chroí-théamaí an chomhairliúcháin seo ag an cheardlann eolais a bhí ag an choiste roimhe sin, in éineacht leis an sainchomhairleoir. D'aontaigh an coiste go raibh sraith ceisteanna agus téamaí difriúla, nó níos oiriúnaí, de dhíth don ghrúpa ógánach. Bhí an plé sna grúpaí mar sin dírithe, ach chan teoranta de, na mór-cheisteanna seo a leanas:

Grúpa	Téamaí
Grúpa do dhaoine óga (faoi 25)	Cumas; Úsáid sa teaghlach; Caitheamh aimsire; Gréasáin shóisialta; Constaicí roimh úsáid na teanga; Obair Charn Tóchair agus Seirbhísí tacaíochta; An Ghaeilge sa saol amach anseo.
Dhá ghrúpa fhásta	Cumas; Úsáid sa teaghlach; Caitheamh aimsire; Gréasáin shóisialta; Deiseanna úsáidte sa phobal; Obair Charn Tóchair agus Seirbhísí tacaíochta

Tá tuairiscí na n-éascaitheoirí, atá bunaithe ar mhiontuairiscí ó na grúpaí féin, thíos.

4.2 Miontuairiscí

4.2.1 Grúpa A (Daoine óga (faoi 25 bliain))

Éascaitheoir: Dr Pádraig Ó Tiarnaigh

Téamaí	Barúlacha / Pointí Gnímh
Tuairisc Ghinéarlta	Bhí naonúr daoine óga sa ghrúpa seo. As an naonúr seo, d'fhreastail ceathrar ar an bhunscoil Ghaeilge agus cúigear ar an bhunscoil Bhéarla. D'fhreastail duine amháin ón naonúr ar mheánscoil Ghaeilge agus an t-ocht eile ar meánscoil Bhéarla, rud a léiríonn easpa leanúnachais sa ghaeloideachas. Ba chóir a lua fosta nach raibh ach buachaill amháin sa ghrúpa seo, cé gur tugadh cuireadh oscailte d'ógánaigh an cheantair. Chreid an grúpa go raibh na cailíní féin níos gníomhaí ag plé na teanga.
Cumas	Luaigh an grúpa gur chreid siad gur eascair cumas níos fadtéarmaí agus níos nádúrtha ón ghaeloideachas, agus gur chreid siad teanga labhartha níos nádúrtha bheith ag lucht an ghaeloideachais féin. Bhí an grúpa féin sásta leis an chumas atá bainte amach acu, cé go n-aithníonn siad an éagsúlacht i gcaighdeán gach duine sa ghrúpa féin. Creideann siad go bhfuil dualgas orthu daoine eile sa ghrúpa a thabhairt leo chuig an chaighdeán cheanna. Sin ráite, tá siad airdeallach nach leor caighdeán áirithe a bhaint amach agus go bhfuil ga leis an fhoghlaim leanúnach, go háirithe maidir le cruinneas teanga agus gramadaí. Dúirt lucht na Gaelscolaíochta go raibh sé níos fusa agus nádúrtha acu bheith ag plé leis an teanga mar theanga laethúil agus mar theanga intinne, agus luaigh lucht an oideachais Bhéarla gur tháinig an Béarla chucu níos fusa, rud a luíonn le ciall. Chreid lucht na Gaelscolaíochta fosta go raibh caighdeán Béarla níos fearr acu siúd a d'fhreastail ar an bhunscolaíocht lán-Bhéarla ach nach raibh an difear seo suntasach.
Úsáid sa teaghlach	Luaigh na baill ghrúpa go sonrath go mbaineann úsáid na Gaeilge sa teaghlach go díreach le cumas na mball teaghlaigh eile, i.e. má tá Gaeilge ag gach duine go maith sa chlann is é is mó a bheas sí á labhairt, ach má tá duine amháin gach Gaeilge, milleann sin timpeallach iomlán Gaeilge an tí. Sin ráite, fiú i measc na mball a bhfuil Gaeilge acu, luaigh an grúpa gur drochnós í an Béarla a labhairt eatarthu féin, agus go mbíonn ar bhall amháin den teaghlach an comhrá a athrú trí Ghaeilge d'aon ghnó. Aithníonn an grúpa fosta, áfach, gur modh cumarsáide atá i dteanga ar bith, agus gur chóir an úsáid na teanga a mholadh in ainneoin caighdeán lucht a labhartha.
Caitheamh aimsire	I dtaca leis an CLG baineann úsáid na Gaeilge cumas na n-imreoirí eile. Luaigh baill den ghrúpa go mbíonn Gaeilge á labhairt go minic agus go nádúrtha ar an pháirc imeartha camógaíochta idir imreoirí áirithe sinsearacha. Chuir na cailíní sa ghrúpa béim ar thábhacht an cheoil agus na drámaíochta mar chaitheamh aimsire a mbíonn an Ghaeilge chun tosaigh iontu.
Gréasáin shóisialta	D'aithin an grúpa go raibh tábhacht le mórfhobal na Gaeilge taobh amuigh de An Carn a lua anseo fosta. Thagair siad do

	<p>mhuintir Dhún Geimhin, Tír Chonaill agus cairde Ollscoile i nDoire, Gaillimh agus Béal Feirste. Tugann na pobail eile seans don ghrúpa na taithí s’acu féin a phlé agus féidearthachtaí nua a fhiosrú.</p>
<p>Cé na constaicí is mó a bhíonn romhat an Ghaeilge a úsáid?</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Lucht labhartha an Bhéarla – nuair nach mbíonn gach duine sa chomhlúadar ábalta Gaeilge a labhairt tiontaíonn an chomhrá i dtreo an Bhéarla – fadhb mhór shóisialta í seo nach bhfuil réiteach ann dí ach oíche a réachtáil le lucht na Gaeilge amháin. - Daoine a bhfuil Gaeilge acu ach nach bhfuil sásta, compordach í a labhairt go poiblí / fadhbanna féinmhúine. - Aineolas i measc an phobail áitiúil maidir le spriocanna, obair, rannpháirtithe agus fiú oscailteacht agus fáilte An Carn. - Múinteoirí scoile áitiúla nach dtacaíonn leis an Ghaeilge taobh amuigh den seomra ranga mar theanga laethúil bheo. - Moladh daltaí na meánscoile áitiúil a spreagadh i dtreo imeachtaí An Carn – iad a mhealladh isteach in Ógras agus imeachtaí ag an leibhéal teanga s’acu a sholáthar dóibh.
<p>Obair Charn Tóchair agus Seirbhísí tacaíochta</p>	<p>Ag an phointe seo thóg baill den ghrúpa an cheist a leanas: Cad iad na seirbhísí a chuireann An Carn ar fáil do dhaoine óga idir 17-29 a bhfuil Gaeilge acu cheana féin (idir aois fhágáil na scoile agus aois teaghlach a thoiseach). Creideann an grúpa nach ndéanann imeachtaí An Carn mórán d’fhreastail orthu féin ach go mbíonn siad ann le bheith ag obair in An Carn d’imeachtaí d’aoisghrúpaí eile. Creideann an grúpa go láidir go bhfuil soláthar le cur i bhfeidhm a dhéanfaidh freastail ar na riachtanais teanga agus shóisialta atá acu féin fosta, ach aithníonn siad go bhfuil cuid den dualgas orthu féin an cheist seo a thógáil agus seo a bhrú ar aghaidh iad féin – úinéireacht a ghlacadh ar chuid den obair sin. Mhol an grúpa gur chóir dóibh imeachtaí a réachtáil dóibh féin idir turais, oícheanta amuigh, imeachtaí eile agus go bhfuil sé tábhachtach go dtagann siad le chéile taobh amuigh de An Carn fosta. Níor chóir go mbeadh siad ag amharc ar An Carn i gcónaí mar áit oibre, ach mar ardán sóisialta dóibh féin fosta le sult a bhaint as imeachtaí trí mheán na Gaeilge.</p> <p>Luaigh an grúpa go bhfuil sé tábhachtach daoine nua a thabhairt isteach chuig Obair Charn Tóchair – instealladh fuinnimh agus athrú peirspictíochta de dhíth uaireanta. Ba chóir tuilleadh daoine a threorú chun an tearmann dúlra a úsáid mar áis iontach neamhfhoirmiúla faoin spéir – spás neodrach taobh amuigh de bhallaí fisiciúla An Carn. Ba chóir fosta tuilleadh béime a leagan ar imeachtaí dátheangacha le pobal na Gaeilge agus pobal an Bhéarla a chur a labhairt / a shóisialú níos minice. Sin ráite, tá gá fosta le himeachtaí trí mheán na Gaeilge amháin. Caithfear freastal ar an phobal a bhfuil an teanga líofa acu anois fosta, chomh maith leis na réimsí éagsúla foghlaimoirí.</p> <p>Tá gá le níos mó daoine bheith gníomhach in áit daoine áirithe bheith níos gníomhaí. Mhol an grúpa fosta go mbeadh ranganna</p>

	‘Ard-chruinneas teanga’ curtha ar fáil dóibh féin fosta (go leanúnach le linn na bliana uair sa mhí mar shampla).
An Ghaeilge ina saol amach anseo	Bhí réimsí barúlacha maidir leis an cheist seo. Daoine áirithe den tuairim gur mhaith leo bheith ag obair leis an teanga, agus trí mheán na teanga, agus daoine eile ag iarraidh obair dhifriúil a dhéanamh nach mbaineann leis an Ghaeilge, ach go mbeadh an Ghaeilge acu mar theanga shóisialta, teaghlaigh agus eile. Aithníonn an grúpa go bhfuil slite beatha ann nach féidir a dhéanamh go fóill trí mheán na Gaeilge agus níor mhaith le cuid acu bheith teoranta ag an teanga, ach d’aontaigh siad ar fad gur mhaith leo í bheith páirteach ina saol bealach amháin nó bealach eile.

4.2.2 Grúpa B (Daoine fásta (1))

Éascaitheoir grúpa: Dr Fionntán de Brún

Téamaí	Barúlacha / Pointí Gnímh
Cumas	<p>Baineann cumas teanga leis na deiseanna úsáidte atá curtha ar fáil.</p> <p>Luadh na pointí seo a leanas i leith na ndóigheanna le cumas teanga a mhéadú:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Cúrsa(i) foirmiúil – Céim / Dioplóma 3ú leibhéal - Ciorcal Comhrá - Foghlaim trí chleachtadh phraiticiúil - Leibhéal nach féidir a fheabhsú / ardú
Úsáid sa teaghlach	<ul style="list-style-type: none"> - Ciorcal comhrá ag leibhéal éagsúla - Imeachtaí dírithe ar thuismitheoirí amháin agus a aithníonn éagsúlacht an chumais Ghaeilge i measc thuismitheoirí - ‘Gaeilge do thuismitheoirí’ mar chúrsa faoi leith. - Feasacht an phobail a ardú maidir le héifeacht na teanga mar mhodh cumarsáide teaghlaigh - Teaghlaigh ag éilimh seirbhísí tacaíochta taobh amuigh den teach – siopaí srl.
Caitheamh aimsire	<ul style="list-style-type: none"> - Spórt, drámaíocht, Cumann Gaelach (do dhaoine óga agus do dhaoine fásta), sléibhteoireacht, tearmann dúlra) - Béim ar an Ghaeilge féin mar chaitheamh aimsire ann féin - Caitheamh aimsire a dhéanamh trí mheán na teanga - Caitheamh aimsire a bhfuil foghlaim na teanga mar sprioc ann - Cumann staire, club leabhar srl de dhíth.
Gréasáin shóisialta	<ul style="list-style-type: none"> - Club CLG áitiúil – tuilleadh rannpháirtíochta de dhíth - Caidreamh a thógáil le craobhacha áitiúla le Glór na nGael; Glór Dhún Geimhin, Glór na Spéiríní srl. - Imeachtaí scoile – dírithe ar thuismitheoirí – dualgas ar thuismitheoirí seo a iarraidh agus dualgas ar an scoil seo a éascú - Ceangal breise a thógáil le ceantair éagsúla Gaeltachta agus cumainn óige / daoine fásta a bhíonn acu ann. - Turais a réachtáil chun na Gaeltacht dírithe ar aoisghrúpaí éagsúla (turas teaghlaigh mar shampla). Fáilte a chur roimh ghrúpaí ón Ghaeltacht teacht anseo fosta.
Obair Charn Tóchair agus Seirbhísí tacaíochta	<ul style="list-style-type: none"> - Tá gá le daoine úra, idir óg agus aosta, a thabhairt isteach chuig an fhoirgneamh agus chuig na himeachtaí araon. - Is fiú feasacht an phobail a ardú maidir le ceantar ‘An Carn’ agus a léiriú nach bhfuil an t-ionad nó na himeachtaí teoranta nó ceangailte le haon áit amháin (fáilte roimh chách anseo). - Na hacmhainní a úsáid sa bhealach is éifeachtaí agus is cliste de réir na spriocanna atá leagtha síos. - Gá le hoscailteacht agus trédhearcacht leis an phobal. - Gréasán teaghlach a thógáil agus a fhorbairt. - Gá leanúnach bheith faichilleach, tuisceanach agus cuidiúil i gcónaí le foghlaimeoirí agus daoine a mbíonn bá acu don teanga. - Bheith ag tabhairt faoi gníomhaíochtaí praiticiúla le foghlaimeoirí laistigh agus lasmuigh de An Carn. - Foclóir teaghlaigh a fhorbairt agus a chur ar fáil.

4.2.3 Grúpa C (Daoine fásta (2))

Éascaitheoir: Dr Laoise Ní Thuairisg

Téamaí	Barúlacha / Pointí Gnímh
Tuairisc Ghinearálta	<p>Níor mhiste a lua i dtosach báire go raibh deacrachtaí an grúpa seo a stiúradh agus a threorú i dtreo na gceisteanna cuí ó tharla go raibh ról chomh gníomhach sin ag páirtithe uile an ghrúpa in obair an Charn. Ba dheacair dá réir ag rannpháirtithe an ghrúpa go minic seasamh siar ón ról gníomhach sin agus breathnú orthu féin mar bhaill ghinearálta den phobal Gaeilge agus súil ghéar a chaitheamh ar a gcuid riachtanas féin dá réir. Is léargas é seo ar ndóigh ar dhíograis na mball don obair idir lámha agus dá dtiomantas freisin freastal ar phobal uile an cheantair. Is léargas freisin é, áfach, ar an tábhacht a bhaineann le freastal a dhéanamh ar riachtanais na mball siúd, ainneoin chomh lárnach agus atá siad in eagrú agus reáchtáil na n-imeachtaí ó tharla gurb iad is gníomhaí ag gach leibhéal úsáide teanga sa phobal féin. Is iad an grúpa seo an eiseamláir dóibh siúd a bhfuil suim acu i saol gníomhach pobail an Charn agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh deiseanna caitheamh aimsire agus saoil acu mar atá ag baill eile an phobail.</p>
Cumas (don úsáid)	<p>Maidir le cúrsaí cumais, bhí cúlra ag formhór an ghrúpa, seachas duine amháin, ar an nGaeilge mar theanga teaghlaigh mar sin is ard leibhéal cumais sa teanga a bhí ina measc. Dar leo go bhfuil leibhéal cumais an phobail féin an-mheasctha agus go bhfuil bearna shuntasach idir leibhéal cumais ag críoch na bunscolaíochta agus ansin ina measc siúd atá luath sna fichidí. De réir an ghrúpa, chaill an pobal dhá thrian den ghlúin a d'fhás aníos i dtosach sa mhéid is nár lean siad leis an nGaeilge mar theanga fheidhmiúil saoil. Léirigh an grúpa gur eisceachtaí iad na daoine a n-éiríonn leo líofacht a bhaint amach sa teanga bunaithe ar a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foirmiúla foghlama. Pointe spéisiúil a ardaíodh maidir leis na ranganna Gaeilge gur síleadh nach raibh nasc sásúil á chothú ina measc siúd atá ag freastal ar na ranganna, ná ach an oiread, eatarthu siúd a bhfuil ardleibhéal cumais acu sa teanga agus pobal Gaeilge an Charn i gcoitinne.</p> <p>Maidir leo siúd atá idir 20 agus 30 bliain d'aois, dúradh go raibh an-tábhacht iad a mhealladh i dtreo fhoghlaim na Gaeilge, ní chun críche cumais teanga amháin ach ionas go mbeidís toilteanach a bpáistí féin a sheoladh chuig an scoil lánGhaeilge. Tá tábhacht ar leith leis an ngrúpa seo freisin ár ndóigh ó tharla gurb iadsan a bheidh mar thuismitheoirí amach anseo agus deiseanna suntasacha ag baint leo an Ghaeilge ag leibhéal an teaghlaigh a chothú agus a threisiú.</p> <p>Ábhar suime a ardaíodh agus ceist an oideachais á plé an aird a tarraingíodh ar an nasc nó a easpa sin idir an náiscoil agus an bhunscoil. Feictear seo san easpa feasachta atá i measc thuismitheoirí pháistí na náiscoil maidir leis na deiseanna oideachais agus teanga atá ar fáil dóibh i gcás na bunscolaíochta lánGhaeilge. Tá tábhacht shuntasach leis an leanúnachas sa tumoideachas ní hamháin do rath an tsealbhaithe ach freisin maidir leis an treisiú agus an fhorbairt a dhéantar ar na gréasáin shóisialta lena mbaineann siad ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar theanga fheidhmiúil chumarsáide. Ábhar inní an easpa leanúnachais a thug baill an phobail le fios agus ceist í freisin a bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi i láthair na huair agus tús á chur leis an iarbhunscolaíocht lánGhaeilge i bhfómhar na bliana seo. Tugadh suntas freisin</p>

	<p>don easpa ceangail nó comhoibrithe atá idir na hinstitiúidí seo ag leibhéal riaracháin agus cumarsáide freisin agus an baol atá ann go n-imreodh a leithéid drochthionchar ar an bhfreastal atá á dhéanamh ar an tumoideachas agus freisin ar dea-chaidreamh cumarsáide idir páirtithe leasmhara an oideachais sa cheantar. Ar deireadh, tugadh le fios go bhfuil an easpa naisc seo le sonrú freisin i measc na dtuismitheoirí agus gur beag comhaontais atá ina measc mar ghrúpa ar leith in institiúidí oideachais an cheantair.</p>
Deiseanna úsáide Gaeilge sa phobal	<p>Mar atá luaite, is iad an grúpa seo is mó a bhfuil ardleibhéal cumais acu agus a bhfuil ról gníomhach agus rannpháirteach acu in imeachtaí Gaeilge an phobail. Níor mhiste a lua freisin go raibh baill uile an ghrúpa ag úsáid na Gaeilge ag leibhéal an teaghlaigh, mar sin ba bheag suntas a tugadh do cheist úsáide na Gaeilge. Ag tagairt siar don mhéid atá ráite thuas, áfach, tá sé tábhachtach go mbeadh deiseanna úsáide ar fáil don ghrúpa seo a chuimseodh réimse leathan imeachtaí agus caitheamh aimsire. Ní chun sprice na húsáide amháin seo, ainneoin a thábhacht, ach freisin go mbeadh sé tugtha le fios, go háirithe dóibh siúd atá ag teacht in inmhe sa phobal agus dóibh siúd ar spéis leo bheith páirteach sa phobal teanga, gur ann do na deiseanna seo agus nach bunaithe ar “chur chun cinn na teanga” amháin iad uile. Aithnítear, áfach go mbeadh an sprioc seo i gceist mar sin féin.</p>
Caitheamh aimsire	<p>Is iad an grúpa seo an eiseamláir dóibh siúd a bhfuil suim acu I saol gníomhach pobail an Charn agus tá sé ríthábhachtach go mbeadh deiseanna caitheamh aimsire agus saoil acu mar atá ag baill eile an phobail.</p>
An Ghaeilge sa teaghlach	<p>Mar atá luaite, bhí taithí ag baill uile an ghrúpa seo ar an nGaeilge ag leibhéal an teaghlaigh, bíodh sin mar thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann go hiomlán le Gaeilge, mar pháistí a tógadh agus atá á dtógáil le Gaeilge, agus ar ndóigh mar thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge agus Béarla. Maidir le straitéisí a bheadh in úsáid agus clann á thógáil le Gaeilge, d’admhaigh na rannpháirtithe uile go bhfuil sé i bhfad níos éasca páistí a thógáil le Gaeilge nuair a tógadh na tuismitheoirí nó tuismitheoir amháin ar a laghad sa mhúnla sin. Bhí an cúlra seo ag formhór bhaill an ghrúpa. Glacadh leis freisin, áfach, gur dúshlán é seo sa cheantar ó tharla go bhfuiltear ag brath ar institiúidí oideachais don chumas sa Ghaeilge a threisiú agus gur cainteoirí Gaeilge mar dhara teanga nó cainteoirí T2 mar sin formhór an phobail. Bunaithe ar threochtaí reatha teanga agus dhéimeagrafaíochta an phobail, glactar leis gurb é sin an norm go fóill agus caithfear sin a aithint sna moltaí a chuirtear chun cinn chun an Ghaeilge ag leibhéal an teaghlaigh a threisiú. Maíodh go raibh comhairle ag teastáil go géar uathu siúd ar mian leo a gclann a thógáil le Gaeilge go háirithe maidir leis an gcur chuige ginearálta agus straitéisí bainistíochta teanga a bheadh in úsáid. Tagann seo i réim go minic maidir leis an idirghabháil atá de dhíth nuair atá an dá theanga á n-úsáid sa suíomh céanna. Díol suime an pointe seo ó tharla gur struchtúr teaghlaigh coitianta é seo agus gur dóigh gur ag méadú a bheidh seo chomh maith céanna. Admhaíodh go raibh sé dúshlánach ag teaghlaigh a bhfuil ardleibhéal cumais ag tuismitheoir amháin nach bhfuil ag an tuismitheoir eile agus freisin nach bhfuil ag muintir ceachtar tuismitheora. Sa suíomh seo, is minic go mbraitheann an tuismitheoir a bhfuil Gaeilge aige nó aici brú suntasach toisc gur orthu atá an t-ualach seachadta teanga á leagan. Is minic freisin go mbíonn inní ar an tuismitheoir seo nach bhfuil na straitéisí cuí in úsáid acu a thacódh le forbairt na Gaeilge ag leibhéal an teaghlaigh ach ag an am céanna nach gcuirfeadh timpeallacht an teaghlaigh ná na caidrimh teaghlaigh a bhfuil an</p>

	tábhacht is mó ag baint leo i mbaol. Moladh go gcuirfí tacaíocht agus treoir ar fáil i dtaobh cleachtais a sheasfadh roimh na dúshláin sin.
Obair Charn Tóchair agus Seirbhísí tacaíochta	D'aithin baill uile an ghrúpa go bhfuil obair thar na bearta curtha i gcrích go nuige seo chun an Ghaeilge a fhorbairt ag leibhéal pobail a bhuí sin d'obair dheonach an phobail uile, go háirithe iad siúd a thug aghaidh ar an bhfís an chéad lá riamh. Anois, áfach, tugtar faoi deara, mar a bheifí ag súil leis i gcás phobal ar bith, go bhfuil gá cinnte a dhéanamh nach dtiocfadh maolú ar an leibhéal rannpháirtíochta agus gníomhaíochta sna grúpaí deimeagraíochta uile, go háirithe ina measc siúd atá ag teacht in inmhe mar dhaoine óga fásta. Cuireadh an-bhéim ar fhorbairt inniúlachta agus an tábhacht atá le plean comharbais a bheith i bhfeidhm dóibh siúd ata ag teacht in inmhe sa phobal Gaeilge agus a bheadh ar a gcumas ról gníomhach agus freagrach a ghlacadh i bhforbairt an phobail Ghaelaí. Bhí doiléire ar bhaill an phobail féin ar na slite is éifeachtaí tabhairt faoi seo, ach go bhfuil a leithéid riachtanach mar sin féin chun todhchaí an phobail agus rath na teanga ar theanga bheo bhisiúil a chinntiú.

4.2.4 Aischothú Mórghrúpa

Tuairisc ar sheisiún oscailte:

Ag deireadh an chomhairliúcháin seo, tháinig an trí ghrúpa le chéile mar ghrúpa mór amháin de Ghaeilgeoirí an cheantair le héisteacht le moltaí ó na grúpaí eile. Tugadh deis ansin an comhrá a oscailt don tosaireacht ar fad agus i measc na mbarúlacha a roinneadh anseo, bhí:

	Barúlacha / Pointí Gnímh
	<ul style="list-style-type: none">- Tá gá ann cumhacht na meán sóisialta a úsáid ar bhealach éifeachtach úsáideach i gcónaí.- Ba chóir cúrsaí An Carn a reáchtáil fosta taobh amuigh de na ballaí féin. Níor chóir go mbeadh an ghluaiseacht teoranta don fhoirgneamh amháin, ach timpeallach neamhfhoirmiúil a chruthú sa cheantar féin.- Béim a chur ar imeachtaí taobh amuigh agus an nádúr áitiúil a úsáid mar bhuntáiste.- Béim a chur ar drámaíocht agus deiseanna breise cainte chun cumas a fheabhsú.- Tosaíocht a dhéanamh den ghlúin úr óg a chumasú i ngnéithe áirithe den teanga agus den ghluaiseacht féin; is iadsan todhchaí an cheantair.- Oilíúint, gnó agus poist a chruthú don ghlúin nua.- Úinéireacht de dhíth ag an aos óg maidir le dualgais agus imeachtaí.- Deiseanna fiontraíochta trí mheán na Gaeilge- Béim a chur ar thuismitheoirí nua; an síol a chur maidir le bua an dátheangachais agus tógáil clainne le Gaeilge.- Tá géarghá leis an obair reatha a cheiliúradh go rialta. Feidhmeoidh seo mar dheis mhaith bolscaireachta fosta.- Nuachtlitir rialta a chlúdódh imeachtaí, scéalta, buanna reatha, fógraíocht srl.- Teaghlaigh na bpaistí Gaeloideachais a tharraingt le chéile níos minice agus rannpháirtíocht a thógáil ar an dóigh sin leis an phobal áitiúil.- Deiseanna breise sóisialaithe i measc oibríthe agus cairde An Carn féin. Níor chóir bheith ag díriú ar an obair i gcónaí ach tá gá ann bheith ag feidhmiú mar phobal fosta.- Stáisiún Raidió An Carn a fhorbairt agus cúrsaí oiliúna a ofráil don aos óg.- Cumann tuismitheoirí na Gaelscoile a bhunú le fadhbanna agus deiseanna forbartha a phlé.- Tá gá le daoine gníomhacha a aimsiú in áit i gcónaí bheith ag iarraidh ar dhaoine atá ann cheana féin bheith níos gníomhaí iad féin. Uaireanta ní bhíonn an gníomh féin sa duine agus caithfear glacadh leis sin ach bíonn gá le tuilleadh daoine gníomhacha a aimsiú agus a tharraingt isteach sa scéal féin.- Iniúchadh poiblí a dhéanamh agus bunachar a sholáthar bunaithe ar na scileanna atá ag daoine áitiúla sa phobal féin; an obair seo a nascadh leis An Carn.- Tá gá leanúnach ann leis na tosaíochtaí a chinntiú agus a uasdátú.

5. Comhairliúchán 2

Foghlaimoirí Gaeilge agus Daoine eile bainteach leis an teanga

5.1 Cur síos agus cúlra

Mar chuid lárnach de mhodhanna bailithe eolais agus aischothaithe ón phobal, reáchtáladh seisiún comhairliúcháin le pobal an Bhéarla, i mórcheantar Charn Tóchair, 5 Márta, in An Carn féin. Díríodh an oíche seo orthu siúd a bhíonn báúil don ghluaiseacht, a bhíonn ag freastal ar chorr-imeachtaí An Carn, a bhfuil paistí nó baill theaghlaigh acu sna hionaid áitiúla Gaeloideachas srl., go díreach daoine a bhíonn ag plé leis an teanga go minic ach nach bhfuil líofacht nó an teanga labhartha acu.

Ó tharla gur díríodh an chéad sheisiún comhairliúcháin ar lucht labhartha na Gaeilge, mhothaigh an coiste go raibh feidhm thábhachtach ceann de na seisiúin seo a reáchtáil iomlán trí mheán an Bhéarla fosta, agus cuireadh oscailte a thabhairt do dhaoine freastail ar an seisiún seo agus na barúlacha s'acu féin a roinnt mar chuid de phlé grúpa. Cé gur chosúil gur líon céatadán áirithe de na daoine seo a d'fhreastail ar an seisiún seo an suirbhé isteach, d'aontaigh an coiste go raibh feidhm bhreise ann iad a tharraingt le chéile mar ghrúpa le tuilleadh plé a éascú agus tuilleadh rannpháirtíochta a spreagadh iontu féin.

Chonacthas don choiste go raibh sé rí-thábhachtach nach raibh duine ar bith ar Choiste Forbartha Charn Tóchair, nó a bhíonn fostaithe ag An Carn, páirteach sna grúpaí seo, ar eagla ionchur nó tionchar inmheánach ar an phobal féin. Rinneadh lucht freastail an chomhairliúcháin a rangú in dá ghrúpa faoi leith, agus ceapadh na héascaitheoirí neamhspleácha seachtracha seo a leanas le dul i mbun plé leis na grúpaí áirithe:

- Daoine fásta (1) Dr Laoise Ní Thuairisg
- Daoine fásta (2) Dr Pádraig Ó Tiarnaigh

Bhí dhá sheisiún plé ann mar chuid den lá seo, mar a cuireadh síos sa chlár ama ar an lá (thíos). D'aontaigh an coiste go raibh tábhacht leis an lucht freastail ar fad a tharraingt le chéile ag an deireadh le héisteacht le tuairiscithe na n-éascaitheoirí ó na grúpaí eile agus le tuilleadh plé a dhéanamh mar mhór-phobal ar na mór-phointí a d'eascair as na seisiúin ghrúpaí.

- Intreoir don phleanáil teanga Dr Laoise Ní Thuairisg
- Plé Grúpa 1 Éascaitheoirí x2
- Tuairiscí na n-éascaitheoirí don mhór ghrúpa
- Seisiún aischothaithe agus plé oscailte le gach duine

Aontaíodh ar chroí-théamaí an chomhairliúcháin seo ag an cheardlann eolais a bhí ag an choiste roimhe sin, in éineacht leis an sainchomhairleoir. D'aontaigh an coiste go raibh sraith ceisteanna agus téamaí difriúla de dhíth i gcomparáid leis an comhairliúchán lae a bhí dírithe ar lucht labhartha na Gaeilge. Bhí an plé sna grúpaí mar sin dírithe, ach chan teoranta de, na mór-cheisteanna seo a leanas:

Grúpa	Téamaí
Dhá ghrúpa fhásta	Cumas; Úsáid sa teaghlach; An Ghaeilge sa phobal; Obair Charn Tóchair; Cúrsaí Oideachais; Seirbhísí tacaíochta

Tá tuairiscí na n-éascaitheoirí, atá bunaithe ar mhiontuairiscí ó na grúpaí féin, thíos.

5.2 Miontuairiscí

5.2.1 Grúpa A (Daoine fásta 1)

Éascaitheoir: Dr Laoise Ní Thuairisg

Tá barúil láidir i measc an ghrúpa go bhfuil an iliomad gníomhaíochtaí ar fail do pháistí agus do dhaoine óga sa cheantar agus tá na gníomhaíochtaí sin le moladh. Tá an baol ann, áfach, dar leis an ngrúpa go bhfuil an bhéim ar pháistí i gcónaí agus go bhfuil bearna sa bhfreastal a dhéantar ar dhaoine fásta, go háirithe na daoine fásta sin nach bhfuil cumas láidir sa teanga acu.

Luadh freisin, de bharr an bhrú a bhíonn ar thuismitheoirí a bpáistí a thabhairt ag an réimse leathan gníomhaíochtaí seo, gur brú breise é do thuismitheoirí am a chur ar leataobh go bhfreastalódh siad féin ar imeachtaí a bheadh oiriúnach agus fóirsteanach dóibh féin. Cuireadh moladh chun cinn gurbh fhiú féachaint ar na deiseanna atá ann imeachtaí do dhaoine fásta, arís, an bhéim a chur orthu siúd nach bhfuil cumas láidir acu sa teanga, a reáchtáil go chothreomhar leis na himeachtaí do pháistí. Sa tslí seo, bheadh deis ag na thuismitheoirí páirt a ghlacadh i gcleachtais daoine fásta gan brú breise ama agus iarrachta á gcur orthu.

Luadh go minic i rith an tseisiúin go bhfuil an bhéim agus b'fhéidir an iomarca béime ar an gcainteoir líofa seachas ar an bhfoghlaiméoir agus go gcothaíonn sé seo scoilt sa ghrúpa pobail agus scoiteacht i measc na bhfoghlaiméoirí eatarthu féin agus pobal “gníomhach” an Chairn.

Cúrsaí Oideachais

Moladh an treoir a thugtar do thuismitheoirí, arís iad siúd nach bhfuil cumas láidir sa teanga acu, maidir leis an obair bhaile a thugtar do na paistí. Moladh, áfach, go bhféadfaí cur leis an treoir seo go háirithe agus na paistí ag dul in aois agus leibhéal deacrachta na oibre ag dul i méid.

I gcás na náiscolaíochta, moladh an Development of Bilingualism Billboard agus an tslí ar imir an taithí dhearfach a bhí ag teaghlaigh ar an ngaeloideachas tionchar ar rannpháirtíocht san oideachas ina dhiaidh sin.

Luadh míshuaimhneas agus míshástacht leis an gcaidreamh reatha atá idir pobal Gaeilge an cheantair agus an bhunscoil áitiúil sa tslí is gur beag cur chun cinn a dhéantar ar imeachtaí agus cleachtais eile Ghaeilge, an náiscoil go háirithe. Ina theannta sin, luadh a laghad cuairteanna a thugann ceachtar aonad ar a cheile agus go gcothaíonn seo coimhthíos sa phobal a chuireann le éiginnteacht thuismitheoirí i leith an oideachais lánGhaeilge (bheadh tionchar aige seo ar ndóigh ar chur chun cinn an oideachais iar-bhunscolaíochta lánGhaeilge). Bhraith an grúpa gur beag ionadaíocht a bhí acu ar obair na scoile, agus seo daingnithe ag an gcaidreamh lag leis an scoil, agus gur beag ceangal a bhraitheann siad eatarthu féin mar ghrúpa ar leith. Pléadh na buntáistí a bhainfeadh le cumann thuismitheoirí a bhunú a dhéanfadh ionadaíocht ar shainriachtanais na ndaltaí agus na dtuismitheoirí atá ag tabhairt faoin oideachas lánGhaeilge agus gur rachadh grúpa den chineál seo i dtreo an caidreamh leis an mbunscoil a láidriú agus a threisiú.

I gcás na hiar-bhunscolaíochta, feictear go bhfuil drogall ar an bpobal, baill an ghrúpa san áireamh, a bpáistí a sheoladh chuig iar-bhunscoil lánGhaeilge nua-bhunaithe toisc go bhfuil baol ann, de bharr a laghad taithí a bheadh ag an scoil nua, go mbeadh oideachas agus forbairt na bpáistí ag fulaingt dá bharr. Ní theastaíonn ó thuismitheoirí go mbeadh a bpáistí mar *guinea pigs* ar mhaithe leis an oideachas lánGhaeilge. (Ardaíonn sé seo ceist maidir le soiléire na

teachtaireachta de na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas, ní hamháin sna luathbhlianta, ach ag gach céim de chonair oideachais an pháiste).⁶

An Pobal

Maidir leis an bpobal, cuireadh in iúl go láidir go raibh deighilt go fóill sa phobal áitiúil idir pobal gníomhach an Charn féin agus pobal an cheantair nach bhfuil cumas sa teanga acu, “an Carn is not for me, sure I don’t speak Irish”. Moladh go rachfaí i mbun gníomhaíochtaí chun a chur ar a súile don phobal go bhfuil fáilte rompu san ionad agus gur leis an bpobal uile na háiseanna ann. Léirigh an pobal freisin an t-amhras maidir leis an tslí is éifeachtaí tabhairt faoi seo gan spriocanna agus cleachtais teanga an Charn a chur i mbaol.

Seirbhísí Eile

Luadh freisin go mbeadh buntáistí suntasach ag baint le Café a bhunú a dhéanfadh freastal ar an bpobal uile agus go mbeadh ionad den chineál seo ag feidhmiú mar spás compordach, saor ó bhrú, ina bhféadfadh pobal an cheantair teacht agus súil a chaitheamh ar obair an ionaid. Luadh freisin gur buntáiste a bheadh ina leithéid de spás go háirithe do thuismitheoirí nach bhfuil cumas sa teanga acu ach a bhfuil páistí leo gníomhach i gcúrsaí teanga teacht agus go mbraithfeadh siad lánach iad féin sa phobal. (an chuma ar an scéal gurb í an teanga an t-aon eochair rannpháirtíochta faoi láthair ata ag feidhmiú go rathúil ar shlí amháin, ach ata ag coinneáil tuismitheoirí, go háirithe na máithreacha, lasmuigh den ghréasán seo.)

5.2.2 Grúpa B (Daoine fásta 2)

Éascaitheoir: Dr Pádraig Ó Tiarnaigh

⁶ Nóta ó PÓT: Díol spéise é mar sin líon na bpaistí ón cheantar agus ón phobal seo a chláraigh le Gaelcholáiste Dhoire, Meán Fómhair 2015. Fuair Gaelcholaiste Dhoire formhór na ndaltaí R7 sa mhórchéantar cláraithe (13 amach as 25).

Luaigh an grúpa seo go sonrath go raibh deiseanna maithe acu an Ghaeilge a úsáid nuair a bhuaifeadh siad le daoine eile sa phobal nó sa chomharsanacht. Uaireanta, áfach, mhothaigh siad go raibh an dualgas orthu béim a chur ar an Ghaeilge agus an teanga sin a chur chun tosaigh. Ba dheas, dár leo, dá mbeadh an timpeallach ann nuair a ghlacfadh daoine eile, a bhfuil Gaeilge acu, leis an rogha seo mar chéad-rogha teanga agus cumarsáide. Tuigtear don ghrúpa fosta gur rogha pearsanta an duine é agus nár chóir daoine a ‘bhrú’ an teanga a labhairt, ach iad a spreagadh ar bhealaí níos nádúrtha. Luaigh siad ar fad fosta go raibh siad uilig sásta leis an chaighdeán teanga atá acu anois ach go bhfuil siad ag dúil le feabhas a chur uirthi.

An Pobal

Dúradh go soiléir go bhfuil gá le tuilleadh chaithimh aimsire i rith an lae. Moladh grúpa tuismitheoirí a bhunadh le béim ar an teanga. Tuigeann an grúpa go bhfuil neart deiseanna ann sa phobal agus go leor rudaí ag dul ar aghaidh in An Carn – ach go bhfuil gá an teanga a dhéanamh níos comhaimseartha go fóill don aos óg nach bhfuil cur amach acu ar an rud roimhe seo.

Tháinig an smaoineamh go mór chun tosaigh gur ‘clique’ atá i ngluaiseacht na Gaeilge i gCarn Tóchair, agus don duine seachtrach, gur deacair don duine sin briseadh isteach sa ghrúpa. Uaireanta, mothaíonn daoine sa ghrúpa go bhfuil bealach fada le dul go fóill le húsáid na teanga a normalú, agus gur ‘us vs them’ atá ann go fóill i gcodanna áirithe den phobal. Tá gear-ghá fosta le rannpháirtíocht ollmhór a thógáil idir An Carn agus an CLG sa phobal, nasc nach bhfuil ann i láthair na huair. Is iad seo an dá ghrúpa cultúir is mó sa cheantar agus tá féidearthachtaí móra comhoibrithe anseo.

Moladh tuilleadh imeachtaí a chur ar fáil le daoine nua a tharraingt isteach, agus rud níos ‘oscailte’ a dhéanamh den eagraíocht. Tuigeann an grúpa fosta nach bhfuil aon doicheadl á chur roimh daoine seachtracha agus go bhfuil sé mar mhór-sprioc ag an ghluaiseacht a oiread daoine agus is féidir a mhealladh isteach, rud atá le moladh. Moltar go mbeadh cur chuige straitéiseach le daoine nua ar fad a ghlacadh isteach chuig An Carn curtha i bhfeidhm. San iomlán síleann an grúpa go bhfuil pobal iontach láidir ann ach go bhfuil gá le tógáil ar an mhéid atá bainte amach cheana féin agus dul chun cinn eile a dhéanamh.

Cúrsaí Oideachais

Aithníonn an grúpa nach bhfuil ard-chumas teanga de dhíth le cumarsáid a dhéanamh le páistí a bhfuil Gaeilge acu. Moladh go láidir lucht na bunscoile Béarla a tharraingt isteach níos mó. Tá an barúil ann go mothaíonn siad féin scartha ón ghluaiseacht agus go gcruthaíonn sin scoilt i dteaghlach agus sa phobal. Moltar rud beag Gaeilge a theagasc do na tuismitheoirí ón bhunscoil Bhéarla agus do na paistí féin, le deiseanna rannpháirtíochta don dá ghrúpa páistí a mhéadú sa scoil agus lasmuigh di. Molann an grúpa na ranganna teanga do dhaoine fásta in An Carn ach síleann siad nach bhfuil go leor tuismitheoirí náiscoilé nó gaelscoilé ag freastal orthu. Tá gear-ghá, dár leis an ghrúpa, tuilleadh daoine, a bhfuil baint acu leis an teanga fríd an ghaeloideachas, a spreagadh le bheith páirteach i ranganna agus imeachtaí eile. Is tuismitheoirí roinnt daoine sa ghrúpa seo, agus d’amharc siad ar an cheist seo fosta mar dhuine neamhspleách aonair, agus luaigh siad go mbíonn daoine ag cur ceisteanna maidir le fiúntas na teanga sa mhór-phictiúr: ‘Cén fáth a gcuirfeadh muid ár bpaistí fríd an Ghaeloideachas?’, ‘Cad é an maith a dhéanfadh sé dóibh?’, ‘An bhfaighidh siad obair agus fostaíocht as seo?’. Moladh tabhairt faoi na mór-bhuairimh seo i measc tuismitheoirí seo a fhreagairt trí shamplaí beo a úsáid, m.sh. daoine óga a d’fhreastail ar na scoileanna agus atá anois ag obair in earnáil na Gaeilge srl.

Tógadh ceist na Gaelscoile go mór, agus bhí baill an ghrúpa den bharúil nach mbíonn an scoil áitiúil ag freastal ar riachtanais na dtuismitheoirí Gaelscoile nach bhfuil Gaeilge acu. Tá dualgas ar an scoil an fhorbairt seo sna tuismitheoirí seo a aithint agus tuilleadh comhoibrithe a dhéanamh leo in áit é seo a fhágáil faoi An Carn amháin.

Seirbhísí Eile

Mhol an grúpa gur chóir go mbeadh imeachtaí dírithe ar fhoghlaimoirí fosta, ní amháin an dá mhór-rogha mar atá anois: iomlán trí mheán na Gaeilge nó dírithe ar lucht an Bhéarla, ach rud dírithe ar fhoghlaimoirí sna ranganna amháin ag na leibhéil éagsúla. Aithníonn an grúpa fosta an ról lárnach ar féidir bheith ag an tearmann dúlra. Is spás comhroinnte é seo, taobh amuigh de bhallaí oifigiúla An Carn, agus ba chóir an áis a úsáid le tuilleadh daoine a thabhairt le chéile fríd an teanga i gcomhthéacs neamhoifigiúil agus neamhfhoirmiúil ar fad.

Luaigh an grúpa fosta go bhfuil gá le réimse leathan de sheirbhísí bheith ar fáil agus go bhfuil tábhacht arís le cuid de na seirbhísí seo bheith lonnaithe taobh amuigh de ‘An Carn’ féin, go mbeidh an teanga mar rud sa phobal, agus ní teoranta d’fhoirgneamh ‘An Carn’ amháin.

Phléigh an grúpa na féidearthachtaí atá ann eagraíochtaí, comhaltachtaí agus gnóthaí áitiúla a spreagadh le tuilleadh Gaeilge a úsáid. Ba chóir, dár leo, go mbeadh An Carn ag stocaireacht leis na gnóthaí áitiúla seo le tuilleadh fógraí agus comharthaí a chur in airde, mar atá, mar shampla, in Sainsburys in iarthar Bhéal Feirste.

6. Tuairisc dheiridh agus Moltaí an tsainchomhairleora Dr Laoise Ní Thuairisg

Is iomaí éacht atá bainte amach ag pobal Charn Tóchair le scór bliain anus, idir dhuaisianna agus ghradaim, agus i bhfianaise an líon ard daoine ata ag cur fúthu sa cheantar a úsáideann an

Ghaeilge mar theanga phobail, shóisialta agus teaghlaigh, is cinnte go bhfuil na gradaim sin tuillte go rí-mhaith. Mar atá ráite ag staidéanna éagsúla tríd an tuairisc seo, níl amhras ar bith ach go bhfuil aitheantas agus buíochas ag dul don phobal féin as an teanga a athbheochan mar theanga bheo bhisúil phobail. Cúis amháin le rath an phobail is ea an tsúil ghéar a choinnítear ar staid reatha na teanga sa phobal agus freisin an fhorbairt leanúnach a dhéantar ní hamháin ar na deiseanna cumais agus úsáide teanga ach freisin ar na céimeanna réamhghníomhacha ar chóir a ghlacadh chun seasamh roimh dúshláin a bheadh le teacht. Is í an tsúil chun cinn sin croí na pleanála teanga agus trí mheán cleachtais éagsúla a thug an pobal faoi le linn an phróisis seo, tá súil léargas cruinn a fháil ar seasamh reatha na teanga sa phobal agus na deiseanna atá ar fáil chun an seasamh sin a chothú agus a threisiú.

Tugaim cur síos sa tuairisc seo ar thorthaí na hanailíse pleanála teanga a bhí mar chuid den phróiseas agus cuirim moltaí chun cinn ábhartha do na réimsí pobail sin is mó inár féidir tionchar dearfach a bheith acu ar bhisiúlacht na teanga i bpobal Charn Tóchair.

An próiseas pleanála teanga

Is iomaí imeacht agus ócáid a reáchtálann pobal an Charn chun deiseanna a thabhairt don phobal an Ghaeilge a úsáid, nó go deimhin í a shealbhú, i dtimpeallacht nádúrtha agus spreagúil. Aithnítear, áfach, ainneoin an raon leathan imeachtaí a chuirtear ar bun go bhfuil gá pleanáil níos géire a dhéanamh ar na spriocanna atá leis na himeachtaí sin agus an tairbhe a bhaineann leo, go hairithe ó thaobh leathadh na teanga agus ar ndóigh leas éifeachtach á bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Le linn plé le coiste Charn Tóchair, tháinig se chun solais go minic nach mba léir cén sprioc ar leith a bhí le himeachtaí áirithe ach go raibh an dearcadh ann gurbh fhiú bualadh fúthu mar sin féin. Cé go bhfuil an meon dearfach agus an díogras seo le moladh, níor mhiste próiseas pleanála a dhearadh a chinnteodh go mbeadh imeachtaí áirithe ag freagairt do bhearnaí ar leith sa soláthar reatha. Sa tslí sin, bheifí cinnte go rabhtar ag freastal ar an ngné sin den iompar teanga is tábhachtaí i gcomhthéacsanna ar leith agus freisin go raibh na hacmhainní a n-úsáid ar bhealach tomhaiste agus intomhaiste. Tá raon leathan scileanna i measc choiste Charn Tóchair i láthair na huaire agus níor mhiste anois féachaint i dtreo ionadaithe pleanála nó go deimhin bainisteoir teanga a cheapadh a chinnteodh go bhfuiltear ag cloí le pé plean nó spriocanna pleanála teanga a leagtar síos agus go bhfuil na gníomhaíochtaí a eascraíonn astu sin ag teacht leo.

Tuigtear gur mian le coiste Charn Tóchair “bunlíne” de chainteoirí agus d’úsáideoirí na Gaeilge sa phobal a chruthú agus go gcuimseodh an bhunlíne seo leibhéal cumais na gcainteoirí chomh maith céanna. Ní léir, áfach, cén comhthéacs ina mbeidh an bhunlíne seo á húsáid agus ní mór a aithint go bhfuil dúshláin ag baint lena leithéid a dhearadh, a bhainistiú a iomlánú i bpróiseas pleanála. Tá buntáistí ag baint le taifead a choinneáil ar ghluaiseachtaí daonra an phobail agus an leas a bhaineann siad as an nGaeilge i réimsí áirithe dá saol. Tugtar seo faoi deara san úsáid a bhaintear as figiúirí daonáirimh na sé chontae is fichead maidir le húsáid na Gaeilge, go háirithe lasmuigh den chóras oideachais. Tuigtear, áfach, nach léargas cruinn an pictiúr sin agus nach mór leas a bhaint as a leithéid de thomhais i dtaca le huirlisí eile meastóireachta, mar agallaimh, grúpaí fócais, suirbhéanna atá dírithe ar chúrsaí teanga agus uirlisí eile nach iad. Más mian leis an bpobal aghaidh a thabhairt ar a leithéid de cleachtas anailíse, moltar tabhairt faoi ag pointí ama ar leith, mar shampla gach ceithre bliana nó mar sin. Sa tslí seo, d’fhéadfaí monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal cumais agus úsáide Gaeilge sa phobal agus imeachtaí gearr agus meántréimhseacha a chur sa tsuíl bunaithe ar thorthaí na hanailíse sin. Ní mór a lua freisin, áfach, go háirithe mar a bhaineann sé le cumas teanga na ndaoine, go gcaithfear dul i muinín féinmheastóireacht an duine ar a chumas teanga féin sa chás nach bhfuil córas bailí

iontaofa ar fáil, mar a bheadh i gcás scrúduithe foirmiúla, mar atá i gcás Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) nó an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha.

Moladh

- Uirlis taighde a dhearadh a fhreagróidh do mhianta an phobail léargas cruinn a fháil ar leibhéil úsáide agus cumais Ghaeilge phobal an cheantair agus go mbeadh an uirlis seo bunaithe ar dhea-chleachtais taighde agus anailíse. Moltar go dtabharfaí faoina leithéid de thionscnamh ar bhonn phiolótach i dtosach báire agus ansin ag pointí áirithe rialta ama ina dhiaidh sin. Ba mhór an chabhair torthaí na hanailíse sin don phróiseas leanúnach pleanála teanga sa phobal.

Cumas

Tá réimse fhairsing deiseanna ar fáil don phobal faoi láthair a cheadódh dóibh cur lena gcumas Gaeilge dá mba mhian leo, go háirithe ar ndóigh i gcás dhaltaí scoile. Tá freastal ard ar an réamhscolaíocht agus ar an mbunscolaíocht lánGhaeilge agus faoi fhómhar na bliana seo beidh tús curtha leis an bhfreastal ar an iar-bhunscolaíocht lánGhaeilge chomh maith céanna. Tá na forbairtí seo uile le moladh. Ardaítear ceisteanna agus an soláthar reatha faoi chaibidil, roinnt a d'eascair as an gcomhairliúchán pobail agus roinnt eile bainteach le gnáthchleachtais shealbhaithe teanga. Níor mhiste cur síos gairid a thabhairt orthu.

Easpa ceangail idir céimeanna an chonair oideachais lánGhaeilge

Dúshlán a tháinig chun cinn le linn na seisiún plé leis an bpobal an easpa ceangail idir trí chéimeanna chonair an oideachais sa cheantar agus tuismitheoirí na ndaltaí lánGhaeilge ag brath go bhfuil siad lasmuigh den chóras agus nach bhfuil ionadaíocht chuí ná chruinn á déanamh orthu ag leibhéal bainistíochta dá réir. Tá tionchar ag an easpa ceangail seo ní hamháin ar mhuintir na dtuismitheoirí sa chóras ach freisin ar eispéireas foghlama na ndaltaí agus tá géarghá na línte cumarsáide agus na caidrimh ghairmiúla agus phearsanta sa réimse seo a chothú agus a láidriú. Tá tionchar aige seo ar iliomad gnéithe de shaol an phaiste, an tuismitheora, an teaghlaigh agus an phobail.

Moltaí

- Feachtas fógraíochta a thionscnamh a chuirfeadh an pobal ar an eolas maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an oideachas lánGhaeilge ó na luathbhlianta ar aghaidh.
- Cur chuige comhoibritheach a ghlacadh i dtaca le hinstitiúidí oideachais lánGhaeilge an cheantair maidir leis na riachtanais oiliúna atá ní hamháin ag cleachtóirí an oideachais sa teanga mhionlaigh ach freisin acu siúd a bhíonn ag soláthar seirbhísí tacaíochta chuig na hinstitiúidí sin.

Ráta íseal aistrithe

Deacracht eile a luaigh tuismitheoirí agus atá comónta i gcomhthéacsanna ina bhfuil córas oideachais sa teanga mhionlaigh in iomaíocht le córas sa mhórtheanga, an ráta aistrithe ó céim amháin go céim eile sa soláthar oideachais trí mheán na sprioctheanga. Tá sé seo le sonrú cheana féin sa leibhéal aistrithe ón naiscoil chuig an mbunscoil agus tá an baol ann, bunaithe ar thorthaí na seisiún comhairliúchán, go mbeadh an scéal amhlaidh i gcás an aistrithe ón

mbunscolaíocht chuig an iar-bhunscolaíocht.⁷ Eascraíonn seo go minic as inní na dtuismitheoirí nach ndéanfaí freastal cothrom ar riachtanais oideachais agus teanga na bpaistí. Ag an iar-bhunscolaíocht, is minic i gcomhthéacsanna mionteanga go dtugtar tús áite in aigne na dtuismitheoirí don bhrú bainteach le scrúduithe agus an tionchar atá acu ar dhul chun cinn acadúil agus gairmiúil an pháiste, seachas dá riachtanais shealbhaithe. Is furasta inní thuismitheoirí sa chás seo a thuiscint agus ní mór seifteanna a aimsiú a chuirfeadh ar a súile dóibh nach rogha ceann thar an gceann eile atá i gceist agus gur rath oideachais agus teanga toradh na rannpháirtíochta san oideachais lánGhaeilge ag gach céim de chonair an oideachais.

Moltaí

- Feachtas feasachta agus fógraíochta a thionscnamh ag trí leibhéal an oideachais a chuirfeadh buntáiste an leanúnachais san oideachas lánGhaeilge ar a súile do thuismitheoirí.
- Staidéar féidearthachta maidir le bunú naíolainne a chur sa tsiúil, i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí eile oideachais agus clainne an phobail.
- Caidreamh bisiúil a chothú idir na hinstitiúidí réamhscolaíochta, an bhunscoil lánGhaeilge agus na hinstitiúidí iar-bhunscoile a chinnteodh go bhfuil buntáistí an oideachais lánGhaeilge ag gach leibhéal ar eolas ag na páirtithe cuí, ina measc: stiúrthóirí réamhscolaíochta; múinteoirí; tuismitheoirí; príomhoidí scoile; aos óg an phobail; soláthróirí seirbhísí tacaíochta.
- Ceardlann a reáchtáil do thuismitheoirí na bpaistí réamhscolaíochta chun buntáistí an tumoideachais a chur ina láthair agus freisin chun deis a thabhairt dóibh a n-inní agus a mbuairt a phlé go hoscailte, go háirithe mar a bhaineann sé leis an oideachas lánGhaeilge ag an mbun agus ag an iar-bhunleibhéal.

Easpa caidrimh agus cumarsáide

Is léir ó na seisiúin chomhairliúcháin go bhfuil an pobal den tuairim nach bhfuil institiúidí oideachais an cheantair ag tacú lena chéile mar is cóir agus sin ag imirt drochthionchar ar chur chun cinn an oideachais lánGhaeilge sa cheantar. Tá tionchar nach beag ar an easpa cumarsáide seo ar an ráta aistrithe a pléadh thuas. Tá géarghá go ndéanfaí iarracht leibhéal feasachta an phobail i gcoitinne, ní áirím na n-institiúidí oideachais, a ardú chun buntáistí an oideachais lánGhaeilge a chur ar a súile dóibh. Ní mór seo a dhéanamh, áfach, ar bheach a léiríonn meas do hinstitiúidí oideachais uile an cheantair, iad siúd a chuireann oideachas ar fáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge. Is léir go bhfuil straitéis de dhíth a chuideodh leis an nasc idir an pobal Gaeilge agus institiúidí oideachais an cheantair a chothú. Léirigh tuismitheoirí le linn sheisiúin phlé a n-inní maidir lena scoiteacht ón gcóras oideachais agus an easpa ionadaíochta atá acu sa chóras sin dá réir. Tá sé ríthábhachtach, ní hamháin do thuismitheoirí an lae inniu, ach freisin do thuismitheoirí óga atá ag teacht in inmhe, go mbraithfidís úinéireacht agus ceangal láidir leis an gcóras atá ag cur oiliúna ar a bpaistí. Tá tábhacht ar leith leis seo i gcás na dtuismitheoirí sin nach bhfuil taithí acu ar an oideachas lánGhaeilge agus a bhraitheann nach bhfuil tuiscint acu ar fheidhmiú an chórais sin. Teastaíonn na tuismitheoirí seo a chur i lár an aonaigh agus straitéisí an oideachais lánGhaeilge agus buntáistí an dátheangachais á bplé agus á ndearadh. Bheadh buntáiste ar ndóigh ag a leithéid de rannpháirtíocht ní hamháin ar ardú an ráta aistrithe

⁷ Nóta ó PÓT: Creidim go léiríonn figiúir iontrála Ghaelcholáiste Dhoire, Meán Fómhair 2015, nach raibh / bhfuil an ráta aistrithe idir an bhunscolaíocht agus an mheánscolaíocht chomh híseal agus a tuaradh ag am scríofa na tuairisce seo. Aithnítear go fóill, áfach, go bhfuil agus go mbeidh obair le déanamh leis an ráta seo a mhéadú agus a bhuanú amach anseo.

atá luaite thuas ach freisin ar rannpháirtíocht na dtuismitheoirí sin i bpobal Gaeilge agus Gaelach an cheantair.

Moltaí

- Caidreamh bisiúil a chothú idir na hinstitiúidí réamhscolaíochta, an bhunscoil lánGhaeilge agus na hinstitiúidí iar-bhunscoile a chinnteodh go raibh buntáistí an oideachais lánGhaeilge ag gach leibhéal ar fáil agus ar eolas ag na páirtithe cuí, ina measc: stiúrthóirí réamhscolaíochta; múinteoirí; tuismitheoirí; príomhoidí scoile; aos óg an phobail; soláthróirí seirbhísí tacaíochta.
- Cumainn tuismitheoirí a bhunú ag dhéanfadh ionadaíocht ar thuismitheoirí na ndaltaí réamhscolaíochta agus ar thuismitheoirí na ndaltaí bunscolaíochta lánGhaeilge. Tá sé tábhachtach go gcuimseodh na cumainn seo tuismitheoirí a bhfuil raon leathan cúlraí teanga agus leibhéal cumais teanga chun a chinntiú go bhfuil ionadaíocht chothrom á déanamh ar riachtanais na dtuismitheoirí agus na bpáistí.

Foghlaimoirí fásta

Tá iarrachtaí na ndaoine fásta atá ag gabháil d'fhoghlaim na teanga le moladh, go háirithe nuair a áirítear an deacracht bhreise a bhaineann le foghlaim theanga bhreise lasmuigh de chóras foirmiúil oideachais. Ní ceart maolú ar na hiarrachtaí sin mar atá ranganna oíche, ciorcail chomhrá agus a leithéid. Tá sé tábhachtach freisin a aithint go bhfuil líon áirithe daoine fásta ann ar baill iad den phobal Gaeilge cheana féin, go háirithe trí mheán a bpaistí atá ag freastal ar an oideachas lánGhaeilge, nach bhfuil ardleibhéal acu sa teanga. Le linn comhráití leis na foghlaimoirí seo, tugadh le fios go minic nach dteastaíonn uathu tabhairt faoi bhreis ranganna agus nach bhfuil ardleibhéal cumais sa teanga mar sprioc ná mar mhian phearsanta acu. Ba léir agus an t-ábhar seo á phlé gur bhraith na daoine seo nach mbeadh glacadh éasca leis an dearcadh sin. Ainneoin na mbuntáistí a bhaineann ag gach leibhéal den phleanáil teanga ardchumas teanga a bheith ag baill uile an phobail, ní mór a aithint freisin nach bhfuil an leibhéal cumais sin i ndán do gach duine, bíodh sin de bharr easpa suime, easpa ama nó de bharr go bhfuil an cainteoir sásúil lena leibhéal cumais mar atá. I gcás na ndaoine seo, tá sé tábhachtach nach dtabharfaí droim láimhe dóibh mar bhaill ghníomhacha den phobal ach go ndíreofaí breis iarrachta ar dheiseanna a sholáthar dóibh inár féidir leo an leibhéal teanga atá acu a úsáid i dtimpeallacht nádúrtha agus chothaitheach. Bheifí ag súil sa tslí sin go n-aireoidh siad go fóill rannpháirteach sa phobal agus toilteanach an mhéid sin den teanga atá acu a úsáid go muiníneach.

Moltaí

- Ranganna teanga a chur ar fáil le linn uaireanta a d'oirfeadh do bhaill éagsúla den phobal, go háirithe na grúpaí sin a bhfuil cúraimí troma oibre agus clainne orthu. Ba mhór an chabhair don phobal dá mbeadh a leithéid ar bun le linn ócáidí a bhfuil baill eile den teaghlach ag freastal orthu.
- Ranganna teanga dírithe ar shainréimsí faoi leith a chur ar fáil don phobal, i dtaca leis na gnáthranganna cumais. I measc na sainréimsí seo a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis bheadh teanga an teaghlai. Chabhródh a leithéid de straitéis go mór leis na tuismitheoirí sin ar mian leo a bpaistí a thógáil le Gaeilge, agus freisin leis na tuismitheoirí sin atá ag tógáil a gclann le Gaeilge cheana féin, ach nach bhfuil a leibhéal líofachta chomh hard lena bpáirtí.

Úsáid na teanga

Is iomaí deis úsáide atá ar fáil don phobal agus an soláthar sin molta arís agus arís eile le linn na seisiún comhairliúcháin. An dúshlán atá le tabhairt mar sin na gréasáin shóisialta ina bhfuil na cainteoirí seo a chothú agus a threisiú, go háirithe i measc an aos óig. Is spriocghrúpa ar leith an t-aos óg a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo ó thaobh buanú noirmeanna teanga, cothú gréasáin agus freisin ar ndóigh cur chun na Gaeilge mar theanga teaghlaigh. Ainneoin sin, is grúpa iad freisin a bhfuil tionchar láidir ag a dtimpeallacht agus ag a gcomhaoisigh ar a gcleachtais teanga. Faraor, is minice ná a mhalairt gur an Béarla atá in uachtar mar theanga chumarsáide ina measc seachas na Gaeilge. Bíodh sin mar atá, is faoin bpobal agus institiúidí an phobail atá sé leibhéal ard a dhóthain cumais a thabhairt dóibh chun go mbeidh ar a gcumas feidhmiú i ngréasáin shóisialta Ghaeilge agus freisin na deiseanna a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i gréasáin shóisialta a oireann dóibh agus dá suimeanna pearsanta.

Díol suime agus an t-ábhar seo á chioradh le linn na seisiún comhairliúcháin go raibh bail áirithe den phobal den tuairim gur mó béime a leagtar ar chothú deiseanna úsáide do dhaoine óga ná dóibh siúd atá níos sine sa phobal, go háirithe tuismitheoirí óga agus freisin tuismitheoirí óga nach bhfuil líofacht bainte amach sa teanga go fóill acu. Tá sé ríthábhachtach agus deiseanna úsáide á ndearadh agus á soláthar nach ndírítear ar spriocghrúpa amháin, mar shampla an t-aos óg agus nach ndírítear ach an oiread ar chleachtas nó caitheamh aimsire amháin, mar shampla cúrsaí spóirt. Is chun leasa ní hamháin pobal reatha an éagsúlacht seo ach freisin na ndaoine sin ar mian leo páirt níos gníomhaí a ghlacadh i saol Gaelach Charn Tóchair amach anseo.

Moltaí

- Gréasáin shóisialta don aos óg ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga chumarsáide a mhéadú agus a threisiú.
- Nasc a chothú idir gréasáin shóisialta aos óg an cheantair agus gréasáin eile dá mhacasamhail i bpobail eile ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga bheo phobail. Bheadh buntáiste anseo ní hamháin do threisiú na ngréasán agus sealbhú na Gaeilge, ach freisin bheadh feachtas na ndaoine óga ar an nGaeilge mar theanga bhailí chumarsáide don aos óg á ardú chomh maith céanna.
- Imeachtaí a réachtáil a thabharfadh deiseanna úsáide do dhaoine fásta le linn uaireanta a bheadh oiriúnach dóibh bunaithe ar a gcúraimí oibre agus clainne.
- Cinnte a dhéanamh de go bhfuil na deiseanna úsáide atá á gcur ar fáil ag freastal ar réimse leathan suime agus caitheamh aimsire. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh leanúnachas ag baint leis na himeachtaí seo chun deiseanna sealbhaithe na n-imeachtaí a dhaingniú chomh maith céanna.
- Ceardlann a chur ar fáil, laistigh nó lasmuigh den chóras oideachais, a thabharfadh deis do dhaoine óga ceisteanna saoil a phlé i bhfóram oscailte trí mheán na Gaeilge, go háirithe na ceisteanna sin a bhfuil ról lárnach ag an teanga iontu.

An Ghaeilge ag leibhéal an teaghlaigh

Is í réimse an teaghlaigh an diméin is tábhachtaí ó thaobh na pleanála teanga de agus is ann a chothaítear sealbhú teanga, dea-nósanna teanga agus is ann freisin a fheiceann an duine an fheidhm atá leis an teanga mar uirlis chumarsáide agus teagmhála. Dúshlán a bhaineann leis an seachadadh teanga idirghlúineach sa lá atá inniu ann, go háirithe i gcás theanga mhionlaigh an éagsúlacht leathan cúlraí agus cumais teanga a bhíonn sa phobal agus a scáthán sin le sonrú ar ndóigh sa teaghlach féin. Le linn na seisiún comhairliúcháin léirigh an pobal gur beag taithí ata

ag a bhformhór, cé is móide de bhaill an choiste, ar an nGaeilge mar theanga teaghlaigh, go háirithe mar a bhaineann sé le tógáil clainne. Tá gá cur le feasacht an phobail maidir leis na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga teaghlaigh ach freisin na dúshlán a bhaineann leis an bpróiseas nuair nach dtógtar cinneadh comhfhiosach chuige sin. Tá gá go dtabharfaí spreagadh agus misneach do thuismitheoirí agus iad ag tabhairt aghaidh an aistear sin agus go mbeadh idirghábhalacha éifeachtacha ar fáil dóibh ag gach céim den phróiseas. Struchtúr coiteann sa phobal seo thuismitheoir amháin a bhfuil cumas láidir sa teanga aige nó aici ag tógáil páiste le thuismitheoir eile agus le muintir teaghlaigh nach bhfuil an leibhéal cumais céanna acu. Tá géarghá straitéisí oiriúnacha a chur ar a súile do thuismitheoirí agus iad ag treabhadh an ghoirt sin agus nach gcuirfeadh lagmhisneach orthu féin ná ar a muintir.

Moltaí

- Gréasáin de thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge, agus a bhfuil a bpáistí ag gabháil don oideachas lánGhaeilge a neartú.
- Feasacht aos óg an phobail ar na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge mar theanga teaghlaigh, agus na cinntí agus straitéisí laistiar de sin, a chothú
- Clár tacaíochta a fhorbairt a chur sa tsiúil a chuideodh le thuismitheoirí óga nó le daoine óga ar mian leo clann an Ghaeilge a úsáid sa teaghlach.

Rannpháirtíocht sa phobal Gaelach

Chuir an coiste a n-ínní in iúl go minic le linn na tréimhse comhairliúcháin go raibh meath ag teacht ar an leibhéal rannpháirtíochta sa phobal Gaelach, go háirithe mar a bhain sé le daoine inniúil sa teanga a mhealladh chun lámh chúnata leanúnach a thabhairt in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí an phobail Ghaeilge. Luadh go raibh gá le plan comharbais a chur i dtoll a chéile a sheasfadh roimh an dúshlán sin agus níl amhras ar bith má táthar le cur leis an rath atá ar an bpobal cheana féin go gcaithfear an spiorad deonach rannpháirtíochta atá ann i láthair na huaire a chaomhnú agus a chothú.

Luadh freisin le linn na seisiún go raibh scoilt le brath sa phobal eatarthu siúd a bhí gníomhach in imeachtaí Gaeilge an phobail agus na baill sin den phobal nach raibh taithí ná cleachtadh acu go nuige seo ar shaol ná ar imeachtaí an phobail Ghaeilge. Tá bisiúlacht an phobail teanga ag brath ar agus fite fuaite le bisiúlacht an phobail i gcoitinne agus comhoibriú agus comhthuisceint de dhíth chun sin a chinntiú. Tá sé tábhachtach go mbraithfeadh an pobal uile go raibh fáilte rompu sa phobal Gaeilge agus deis ann dóibh páirt a ghlacadh ann más mian leo. Dúshlán a bhaineann leis seo ar ndóigh an comhoibriú agus an chomhpháirtíocht sin a threisiú gan dea-chleachtais teanga reatha an phobail a chur i mbaol. Is sa chás seo a d'fheicfí buntáiste an pholasaí teanga, go háirithe i gcás an ionaid phobail féin.

Moltaí

- Plan comharbais a chur ar bun
- Straitéis ceannaireachta a chur i dtoll a chéile a dhíreodh ar fhorbairt na ceannaireachta i measc grúpaí éagsúla den phobal agus a chuirfeadh buntáistí na rannpháirtíochta pobail ar a súile dóibh. Bheifí ag súil ar ndóigh go mbeadh an cheannaireacht teanga lárnach sa straitéis seo.
- Na réimsí sin den phobal ina mbeadh polasaí teanga mar bhuntáiste a aithint agus céimeanna cuí a thógáil chun polasaí teanga éifeachtach a chur i bhfeidhm.

7. An Plean Gníomhaíochtaí

7.1 An Plean Gníomhaíochtaí

Tuiscint a ardú agus spiorad a cothú agus ceannasaíocht a fhorbairt i measc na nGaeilgeoirí agus lucht tacaíochta na Gaeilge			
Mír	Gearrthréimhse agus taobh istigh d'acmhainní atá ann faoi láthair	Meántréimhse nó ag brath ar acmhainní nach bhfuil ann faoi láthair	Tionscadal
<p>Tuiscint ar athbheochan na Gaeilge agus Gaeloideas a ardú i measc tuismitheoirí / caomhnóirí daltaí Gaelscoile.</p>	<p>Insint a fhorbairt a mhíniú ról na Naíscóile, Bunscoile, coiste forbartha srl. na ndaltaí agus na nteaghlachh in athbheochan na Gaeilge (chun tuiscint ar phrionsabail pleanála teanga a chur chun cinn).</p> <p>Clár píolótach a sholáthar chun cainteanna a dhéanamh ar an Ghaeloideachas agus athbheochan na Gaeilge</p> <p>1. Leis na tuismitheoirí Naíscóile i mí Mheán Fómhair, agus ag ócáidí ar a laghad uair amháin gach téarma le linn na bliana agus</p> <p>2. leis na tuismitheoirí daltaí Gaelscoile (mar shampla óráid ghairid ag Ceolchoirm na Nollag nó/ agus ócáidí eile le linn na bliana).</p>	<p>Straitéis chumarsáide leis na tuismitheoirí a fhorbairt bunaithe ar an scéim píolótach agus ar samplaí eile dea-chleachtais idirnáisiúnta. Straitéis a bheadh ag forbairt torthaí inmhianaithe agus inbhuanaithe agus dóigheanna le torthaí na straitéise a thomhas.</p> <p>Lámhleabhar eolais a fhorbairt agus áa scaipeadh ina gcumhdófaí cúlra athbheochan na teanga sa mhórchéantar, spriocanna as seo amach; ról an oideachais i gcomhthéacs athbheochan na Gaeilge; an tábhacht le hionchur ó na tuismitheoirí i bhforbairt teanga na bpáistí; an buntáiste dá mbeadh na tuismitheoirí ag foghlaim na Gaeilge (idir chúpla focal sa teach agus thógáil clainne le Gaeilge); míniú ar phróiseas an tumoideachais; treoir ar ábhair cosúil le hobair bhaile agus forbairt Bhéarla na bpáistí srl.</p> <p>Cumann na dtuistí a bhunú agus a eagrú – Go mbeidh tuismitheoirí ábalta bheith páirteach i saol na Gaeilge, ag cuidiú le himeachtaí teaghlaigh, imeachtaí eolais do thuismitheoirí, earcaíocht/ poiblíocht srl.</p> <p>Ardú feasachta a dhéanamh ar na meáin shóisialta trí leathanach facebook Gaeloideachas i g Co Dhoire</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga</p> <p>Scéim Tacú le Teaghlaigh – comhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta Inchur ó theaghlaigh, tuismitheoirí iardaltaí bhunscoile, an Ghaelscoil srl.</p>
<p>Tuiscint ar stair na Gaeilge, pleanáil teanga agus athbheochan na Gaeilge a fhorbairt i measc earnáil na Gaeilge</p>	<p>Ceardlann straitéise agus Plean Gníomhaíochtaí le linn sheachtain na Gaeilge 2016.</p> <p>Sraith aoichainteanna ag na ranganna Gaeilge – bunaithe ar stair na Gaeilge, tuiscint ar athbheochan na Gaeilge, tuiscint ar phleanáil teanga, ar an Ghaeloideachas, ar logainmneacha, sloinnte srl.</p>	<p>Athamharc a dhéanamh ar an straitéis 'An Bealach Chun Tosaigh' agus próiseas cuimsitheach Plean Teanga a fhorbairt agus a sholáthar (tríd an Scéim Líonra Gaeilge)</p> <p>Athamharc bliantúil a dhéanamh ar dhul chun cinn agus spriocanna.– ceardlann/ comhdháil – mar chuid den phleanáil do chomórtas Ghlór na nGael.</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga</p>

<p>Struchtúir thacaíochta teanga a láidriú.</p>	<p>Athbhreithniú eatramhach a dhéanamh ar fheidhmiú an pholasaí teanga.</p>	<p>Athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar Pholasaí Teanga Choiste Forbartha Charn Tóchair – An Carn, An Coire, An Tearmann Dúlra. Dréachtpholasaí Teanga a fhorbairt agus a chur amach ar comhairliúchán leis na hoifigigh agus an Choiste agus na hoibrithe deonacha srl. Seo deis leis an dátheangachas a mhíniú agus polasaí teanga fiúntach a chur i bhfeidhm.</p> <p>Plean forbartha teanga pearsanta a dhéanamh leis an fhoireann ag An Carn, an Coire agus an Tearmann Dúlra .</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga</p>
<p>Spiorad a chothú i measc na ndaoine óga</p>	<p>Sraith Ceardlann a dhéanamh leis na hoibrithe óige – ceannairí agus cúntóirí óige - ar an bhealach is fearr leis na daltaí a spreagadh chun a bheith bródúil as a gcuid Gaeilge a úsáid – agus aischur teanga a bhaint amach.</p> <p>Dhá thuras cónaithe a eagrú in aghaidh na bliana leis na daoine óga iarbhunscoile chun spiorad a chothú – tógtha thart ar ghrúpa láidir ó thaobh labhairt na Gaeilge de.</p> <p>Daoine óga a spreagadh le dul chun na Gaeltachta</p>	<p>Clár feasachta a fhorbairt agus a sholáthar tríd an Ghaelscoil chun eolas agus tuiscint ar stair na Gaeilge, athbheochan na Gaeilge agus Ról na Gaeilge an lá atá inniu ann.</p> <p>Clár imeachtaí ar leith a phleanáil tríd an Chlub Óige, bunaithe ar ardú feasachta ar an Ghaeilge go mbeidh na daoine óga bródúil aisti.</p> <p>Club Gaeltachta a eagrú.</p> <p>Turas Cónaithe bliantúil a eagrú do pháistí Bunscoile EC2 chun spiorad a chothú – tógtha thart ar ghrúpa láidir ó thaobh labhairt na Gaeilge de.</p> <p>Athamharc a dhéanamh ar imeachtaí Óige 2016/ 17 agus spriocanna tuiscint agus aischur teanga a phleanáil mar chuid den chlár agus den soláthar – ina measc stair na Gaeilge agus athbheochan na Gaeilge a phlé agus an tábhacht a bhaineann leis an Ghaeilge dóibh féin agus don chomhphobal.</p> <p>Croíghrúpaí tiomanta ó thaobh labhairt na Gaeilge de a aithint agus a fhorbairt ag achan Eochairchéim - mar cheannairí agus mar eiseamláirí don chéad ghlúin eile.</p> <p>Monatóireacht agus forbairt a dhéanamh air seo in aghaidh na bliana.</p> <p>Ambasadóireacht áitiúil: ambasadóirí áitiúla a earcú agus a eagrú. Seisear a cheapadh roimh dheireadh 2016 a bheadh sásta bheith ag caint ar athbheochan na Gaeilge ag oícheanta oscailte, ócáidí srl ar athbheochan na Gaeilge agus an taithí s’acu. Más féidir - tuismitheoir iardhalta Gaelscoile / daoine óga a d’fhoghlaim an Ghaeilge ar mheánscoil san áireamh - Agallamh a dhéanamh leo agus a chur ar an suíomh idirlín</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga - ag comhoibriú leis an SPG</p>

Cúrsaí Margaíochta / Poiblíochta/ Caidreamh Poiblí			
Mír	Gearrthréimhse agus taobh istigh d'acmhainní atá ann faoi láthair	Meántréimhse nó ag brath ar acmhainní nach bhfuil ann faoi láthair	Tionscadal
Ardú feasachta ar athbheochan na Gaeilge agus an Ghaeloideachais.	<p>Feachtas feasachta comhphobail</p> <p>Feachtas Meáin Shóisialta a thosú – Facebook Gaeloideachas i gCo Dhoire – i gcomhar le Gaelcholáiste Dhoire.</p> <p>Bileog a dhéanamh le eolas ar stair na Gaeilge, athbheochan na Gaeilge agus an Gaeloideachas a scaipeadh sa mhórphobal - le go mbeidh níos mó den daonra eolach ar an Ghaeilge agus báúil léi.</p> <p>Feachtas cumarsáide ag scaipeadh eolais ar scéim phiolótach doras-go-doras le heolas ar athbheochan na Gaeilge agus ar an Ghaeloideachas. Scéim phiolótach a dhéanamh Meán Fómhair 2015 - foireann curtha le chéile, oiliúint agus cur chuige eagraithe ag foireann le hábhar margaíochta srl.</p>	<p>Plean margaíochta agus caidreamh poiblí a fhorbairt agus a sholáthar - Dréachtphlean a chur le chéile roimh dheireadh 2016.</p> <p>Feachtas doras-go-doras a chríochnú go mbeidh gach aon teach i mórcheantar Charn Tóchair agus Mhachaire Rátha déanta.</p> <p>Ailt rialta sa pháipéar fán Ghaeloideachas agus faoi athbheochan na Gaeilge.</p> <p>Deiseanna eile sna meáin – Raidió, teilifís, idirlíon srl. a fhorbairt agus a sholáthar.</p> <p>Clár faisnéise / clár fán Ghaeilge bunaithe sa cheantar – Tóchair an tSaol II nó clár eile.</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga</p> <p>Scéim Tacú le Teaghlaigh</p> <p>– le tacaíocht ón Scéim Pobal Gaeilge</p>
Líon na ndaltaí in Earnáil na Gaelscoile a ardú	<p>Feachtas earcaíochta Gaeloideachais (Naíscóileanna)</p> <p>Feachtas earcaíochta a sholáthar idir Meán Fómhair agus Nollaig 2015 – i gcomhar leis an fheachtas feasachta agus ar dhóigheanna eile.</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Feachtas piolótach doras go doras. 2. Forlíonadh leis an Derry Post 3. Ailt sna páipéir 4. Meáin Shóisialta suíomh facebook Gaeloideachaschontaedhoire <p>Athamharc eatramhach a dhéanamh ar an suíomh idirlín www.naiscoil.com chun feabhas a chur air taobh istigh de na hacmhainní atá ar fáil.</p>	<p>Plean earcaíochta bliantúil a fhorbairt agus a sholáthar.</p> <p>Físeáin phoiblíochta nua a fhorbairt agus a chur ar an suíomh – le hagallaimh le tuismitheoirí a roghnaigh an Gaeloideachas. Agallaimh le daltaí scoile.</p> <p>Ambasadóireacht áitiúil: ambasadóirí áitiúla a earcú agus a eagrú.- seisear a mhealladh roimh dheireadh 2016 a bheadh sásta bheith ag caint ar athbheochan na Gaeilge ag oícheanta eolais nó oscailte</p> <p>Forbairt a dhéanamh ar fhoinsé eolais agus suíomh tairsí do thuismitheoirí - cur leis an suíomh www.naiscoil.org agus é a sheoladh i Meán Fómhair agus próifíl an tsuímh a ardú trí na meáin, na meáin shóisialta, ábhar margaíochta srl.</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga</p> <p>Scéim Tacú le Teaghlaigh.</p>

Foghlaim na Gaeilge / Cumas na Gaeilge a ardú			
Mír	Gearrthréimhse agus taobh istigh d'acmhainní atá ann faoi láthair	Meántréimhse nó ag brath ar acmhainní nach bhfuil ann faoi láthair	Tionscadal
Cumas teanga na dtuismitheoirí/ dteaghlach a ardú	<p>Scéim Fhíolótach a eagrú le linn na scoilbliana 2015/16 – sraith ranganna sé seachtaine bunaithe ar shraith leabhar Altram atá á forbairt acu – ag díriú isteach ar thuismitheoirí Náiscoilte agus EC1.</p> <p>Taighde a dhéanamh ar éileamh Turas Teaghlaigh bliantúil chun na Gaeltachta – líon na dteaghlaigh a mbeadh suim acu ann, an áit is fear le dul, lóistín, dréachtchlár srl a chur le chéile srl.</p>	<p>Pacáiste tacaíochta a chur le fáil do theaghlaigh atá ag smaoineamh ar chlann a thógáil trí mheán na Gaeilge - ranganna agus ceardlanna a eagrú – ranganna i rith an lae, dianchúrsa, ranganna aonair ranganna sa teach. Plean forbartha a ofráil do na teaghlaigh – ranganna, acmhainní & meantóireacht,</p> <p>Córas a fhorbairt leis na Náiscoilteanna go mbeidh na tuismitheoirí páirteach i bhforbairt teanga na bpáistí - Ábhar agus clár a fhorbairt go mbeidh na tuismitheoirí ábalta foghlaim na teanga a leanúint go seachtainiúil - leathanach le focail na seachtaine agus comhaid fuaime MP3 - ar an suíomh idirlín srl. Ceardlanna gairide le tuismitheoirí ar a laghad dhá uair gach tréimhse le dul fríd an ábhar.</p> <p>Turas Teaghlaigh bliantúil chun na Gaeltachta a eagrú le agus dul ar saoire mar ghrúpa teaghlaigh le linn an tsamhraidh 2017. Pacáiste a ofráil do theaghlaigh atá ag iarraidh dul chun na Gaeltachta – lóistín, cúrsaí do na páistí, cúrsa tuismitheoirí srl.</p>	Scéim Tacú le Teaghlaigh ag comhoibriú le Altram agus le tacaíocht ó na coistí agus oibrithe náiscoilte
Cumas na Gaeilge i measc daltaí bunscoile a ardú –	<p>Polasaí teanga don óige a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm – go mbeidh na daoine óga agus na hoibrithe óige ar an eolas ó thaobh fhorbairt na Gaeilge de.</p> <p>Seisiúin oiliúna a dhéanamh leis na hoibrithe óige agus cuntoirí óige ar an chur chuige agus an pholasaí ó thaobh fhorbairt na Gaeilge de – straitéisí forbairt teanga agus iad a chur ar an eolas fán pholasaí. .</p> <p>Dul i bhfeidhm ar na daltaí chun go mbeidh siad uilig ag freastal ar na himeachtaí Óige – Imeachtaí & ócáidí míosúla ar leith atá iontach tarraingteach a eagrú chun iad a mhealladh. Chomh maith le seo dul i bhfeidhm ar na tuismitheoirí chun iad a chur ar an</p>	<p>Pleanáil a dhéanamh ar fhorbairt teanga bunaithe ar ghrúpaí daltaí le leibhéal áirithe líofachta agus plean forbartha déanta fá choinne gach aon ghrúpa acu – i.e., – plean forbartha teanga don óige a bhfuil an Ghaeilge acu mar chéad teanga nó a bhfuil ard-líofacht acu, go dtí plean forbartha dóibh siúd atá ag streachailt leis an Ghaeilge a labhairt agus a thuiscint.</p> <p>Athamharc a dhéanamh ar na imeachtaí atá ar siúl faoi láthair go mbeidh siad pleanáilte ar bhonn pleanáil teanga agus go bhfuil an oiread aischur teanga agus is féidir ag teacht amach as an iarracht atá á déanamh.</p>	Scéim Pleanáil Teanga – ag comhoibriú leis an Scéim Pobal Gaeilge, Ógras/ Cumann na bhFiann

	eolais faoin tábhacht a bhaineann le húsáid na Gaeilge taobh amuigh d'am scoile.		
Líofacht / cumas iardháltaí Gaelscoile agus daltaí meánscoile eanáil an Bhéarla a ardú.	<p>Dianchúrsaí a chur le fáil do dháltaí GCSE, AS agus Ardleibhéal – scrúdú cainte agus an scrúdú scríofa.</p> <p>Daltaí Meánscoile a spreagadh le dul chun na Gaeltachta agus scoláireachtaí a fháil agus á scaipeadh ag Feis Charn Tóchair.</p> <p>Lá gairmeacha a eagrú roimh deireadh 2015 do na scoileanna Béarla leis na daltaí a mhealladh chun na Gaeilge – ‘Buntáistí breise na Gaeilge’ mar shampla.</p> <p>Feachtas a eagrú chun daoine óga a mhealladh chun bheith ina gcúntóirí agus ina gceannairí agus ag cuidiú leis na himeachtaí óige – ag úsáid agus ag forbairt Gaeilge s’acu.</p>	<p>Craobh Cumann na bhFiann a bhunú</p> <p>Club Gaeltachta a eagrú ag coiste na nÓg. Léiriú suime a fháil ó dháltaí i mí Meán Fómhair atá ag iarraidh/ ag smaoineamh ar dhul chun na Gaeltachta agus iad a tharraingt le chéile, a eagrú agus a spreagadh chun ciste a thógáil chun scoláireachtaí a thabhairt. Teacht le chéile a eagrú agus coiste daoine óga (club Gaeltachta) a chur le chéile a bheadh ina bhun. Imeachtaí tógála airgid – litreacha chun urraíocht a bhailiú, teacht le chéile Gaeltachta a eagrú srl.</p> <p>Pleanáil a dhéanamh ar fhorbairt teanga bunaithe ar ghrúpaí daltaí le leibhéal áirithe líofachta agus plean forbartha déanta fá choinne gach aon ghrúpa acu – i.e plean forbartha teanga don óige a bhfuil an Ghaeilge acu mar chéad teanga nó a bhfuil ard-líofacht acu, go dtí plean forbartha dóibh siúd atá ag streachailt leis an Ghaeilge a labhairt agus a thuiscint.</p> <p>Athamharc a dhéanamh ar na imeachtaí atá ar siúl faoi láthair go mbeidh siad pleanáilte ar bhonn pleanáil teanga agus go bhfuil an oiread aischur teanga agus is féidir ag teacht amach as an iarracht atá á déanamh.</p> <p>Ag brath ar acmhainní, sraith ceardlanna 3-6 seachtaine a eagrú ag a mbeadh suim ar leith ag daltaí áirithe agus ag a mbeadh deis cumas teanga a fhorbairt – bunaithe ar thionscadail:</p> <p>Drámaíocht – dráma a scríobh agus a chur ar an ardán</p> <p>Scannánaíocht/ beochana – scannán gairid a phleanáil/ scríobh , a thairfeadh agus a chur le chéile.</p> <p>Cór / Amhránaíocht – Cór a chur le chéile agus ceolchoirm a chur le chéile</p> <p>Gnó – Imeacht gnó a phleanáil agus a sholáthar.</p> <p>Dúlra – Obair thimpeallachta / tairfeadóireacht timpeallachta</p> <p>Ceangal foirmiúil agus clár a fhorbairt leis na meánscoileanna / cumann Gaelach s’acu - Gaelcholáiste Dhoire, Coláiste Phádraig, Coláiste Naomh Muire , Loreto, Naomh Pius X. Trí imeacht a eagrú le linn na bliana chun</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga – ag comhoibriú leis an Scéim Pobal Gaeilge, Ógras/ Cumann na bhFiann</p>

		iad a spreagadh le Gaeilge s'acu a úsáid– mar shampla - imeachtaí lasmuigh/ treodóireacht díospóireacht / tráth na gceist srl.	
Líofacht agus cumas dhaltaí earnáil an Bhéarla	<p>Ranganna Píolótacha a eagrú sna Bunscoileanna Béarla – EC2..</p> <p>Daltaí ó earnáil an Bhéarla a spreagadh le dul chuig an choláiste samhraidh.</p> <p>Rang Gaeilge píolótach a eagrú i gclub CLG Shleacht Néill – ceardlanna bunaithe ar cluichí agus orduithe/ téarmaíocht spóirt - ag meascadh daltaí Gaelscoile agus daltaí scoileanna Béarla.</p>	<p>Plean aschuir teanga a dhéanamh don Scéim shamhraidh dhátheangach – go mbeidh an Ghaeilge a bheadh in úsáid ag an scéim á teagasc ag na scoileanna Béarla le linn na bliana.</p> <p>Béim ar ranganna EC2 sna Bunscoileanna Bhéarla chun iad a spreagadh an Ghaeilge a roghnú ar mheánscoil.</p> <p>Scéim Fhoirmeálta a eagrú leis na clubanna CLG áitiúla – CLG Eiméid, Sleacht Néill, An Gleann, Machaire Rátha, agus an CLG Dhaibhéid, An Suaitreach.</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga – ag comhoibriú le Comhairle na Gaelscolaíochta</p>
Líofacht/ cumas teanga páistí réamhscoile a fhorbairt	<p>Grúpa Tuistí agus Tachrán a bhunú agus a fhorbairt agus sraith imeachtaí a eagrú agus a sholáthar trí mheán na Gaeilge.</p> <p>Cúrsa Gaeilge ar leith a sholáthar do na hoibrithe Náiscoile i gcomhair le Altram chun caighdeán na Gaeilge a ardú sna Náiscoileanna.</p> <p>Cúrsa Teastais in Oideachas na luatbhlianta trí mheán na Gaeilge a eagrú agus a sholáthar chun caighdeán aschuir teanga a ardú sna Náiscoileanna</p> <p>Plean Gnó Cúram Linbh a fhorbairt & Iarratas maoinithe a chur fá choinne costais caipitil agus reatha don tseirbhís cúram linbh.</p>	<p>Plean forbartha teanga a aontú agus a sholáthar leis na Náiscoileanna.</p> <p>Maoiniú a fháil agus seirbhís cúram linbh trí mheán na Gaeilge a sholáthar – daoine a fhostú, oiliúint a sholáthar, forbairt foirgnimh srl. Béim ar ardlíofacht Gaeilge ag na hoibrithe.</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga</p> <p>Scéim Tacú le Teaghlaigh</p> <p>Cúram CIC</p>
Líofacht/ Cumas teanga oibrithe Earnáil na Gaeilge a ardú	<p>Na cúrsaí thuasluaite do na hoibrithe Náiscoile.</p> <p>Dianchúrsa gramadaí sé seachtaine a sholáthar d'oibrithe agus oibrithe deonacha in earnáil na Gaeilge – múinteoirí, cúntóirí ranga srl.</p>	<p>Plean Forbartha teanga a dhéanamh amach do na hoibrithe atá ag obair ag An Carn agus in earnáil na Gaeilge –. (Scéim neamhéigeantach agus bunaithe ar chomhaontú leis na hoibrithe).</p>	<p>Scéim Pleanáil Teanga</p>

<p>Cumas Gaeilge na ndaoine fásta a ardú</p>	<p>Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta - Feachtas poiblíochta a eagrú chun líon níos mó daoine a mhealladh chun na ranganna – dúshlán chun suaitheantas cúpla focal nó fainne airgid / fainne óir a bhaint amach ag deireadh na bliana.</p> <p>Trí dhianchúrsa a eagrú le linn na bliana.</p> <p>Daoine a spreagadh chun na Gaeltachta ar chúrsaí samhraidh – nasc foirmiúil le Gleann Cholm Cille / Oideas Gael.</p> <p>An Cumann Gaelach a athbhunú agus coiste nua a chur le chéile. – seid na bhfear a fhorbairt agus a oscailt.</p>	<p>Líon na ndaltaí ag freastal ar na ranganna a ardú in aghaidh na bliana agus daoine a spreagadh chun an Diplóma agus an Chéim a bhaint amach.</p> <p>Clár bliantúil dianchúrsaí a sholáthar.</p> <p>Dhá chúrsa cruinniss a sholáthar in aghaidh na bliana.</p> <p>Clár bliantúil an Chumainn Ghaelaigh a fhorbairt, oícheanta airneáil , siúlóidí, cainteanna / turais, seid na bhfear srl.</p>	<p>Scéim Pobal Gaeilge</p> <p>Scéim Pleanáil Teanga</p> <p>Cumann Gaelach</p>
--	--	---	--

Forbairt Fiontar agus Gnó			
Mír	Gearrthréimhse agus taobh istigh d'acmhainní atá ann faoi láthair	Meántréimhse nó ag brath ar acmhainní nach bhfuil ann faoi láthair	Tionscadal
Comhlacht Eachtra a fhorbairt a bheadh ag soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge (& Béarla) agus ag cruthú deiseanna oiliúna, cleachtadh oibre agus fostaíochta do dhaoine óga.	Plean Gnó a chríochnú agus iarratais maoinithe a chur maidir leis na costais caipitil.	Maoiniú a fháil chun an gnó a fhorbairt Comhlacht a bhunú Plean Gnó a chur i bhfeidhm.	Spraoi CIC
Deiseanna Fostaíochta / oiliúna a fhorbairt do na daoine óga agus an ghlúin nua a spreagadh chun cinn.	Daoine óga (iardhaltaí bunscoile agus daltaí AS / Ardleibhéil) a mhealladh chun oiliúint agus obair pháirtaimseartha a fháil ar obair óige, obair phobail, (agus go mbeadh acmhainní daonna ann leis an chlár a sholáthar agus go mbeadh ceannasaíocht óige ag teacht fríd.)	Plean ceannasaíochta agus forbairt phearsanta ar leith a bhunú do na daoine óga.	Scéim Pleanáil Teanga Scéim Pobal Gaeilge Spraoi cic
Cúram Linbh	Plean Gnó Cúram Linbh a fhorbairt & Iarratas maoinithe a chur fá choinne costais caipitil agus reatha don tseirbhís cúram linbh.	Maoiniú a fháil agus seirbhís cúram linbh trí mheán na Gaeilge a sholáthar – daoine a fhostú, oiliúint a sholáthar, forbairt foirgnimh srl. Béim ar ardlíofacht na Gaeilge ag na hoibrithe.	Cúram CIC.

7.2 Acmhainní Riachtanacha Leasmhara

1. Scéim Pleanáil Teanga

- a. Oifigeach
- b. Costais reatha
- c. Costais Mhargaíochta agus Acmhainní
- d. Costais Chláir

Féidearthachtaí ó thaobh maoinithe: Foras na Gaeilge – Scéim Líonra Gaeilge

2. Scéim Tacú le Teaghlaigh

- a. Oifigeach
- b. Comhairleoir / Meantóir
- c. Costais Reatha
- d. Costais Acmhainní Margaíochta

Féidearthachtaí ó thaobh maoinithe: Foras na Gaeilge – Scéim Líonra Gaeilge

3. Cúram CIC – Comhlacht Cúram Linbh

- a. Costais Forbartha
- b. Costais Chaipitiúla
- c. Costais Reatha
- d. Costais Oiliúna

Féidearthachtaí ó thaobh maoinithe: Clár Forbartha Tuaithe (DARD), Ciste Infheistíochta Gaeilge

4. Spraioi CIC – Comhlacht

- a. Costais Forbartha
- b. Costais Chaipitiúla
- c. Costais Reatha
- d. Costais Oiliúna

Féidearthachtaí ó thaobh maoinithe: Clár Forbartha Tuaithe (DARD), Ciste Infheistíochta Gaeilge

Aguisíní

Aguisín 1: Ceistneoir (Leagan Gaeilge)

Roinn A: Cumas agus Úsáid na Gaeilge

1. An bhfuil Gaeilge agat?

Tá / Níl

2. Cad é mar a dhéanfá cur síos ar do chumas i dtaobh labhairt na Gaeilge?

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
Gaeilge ar bith / fíorbheagán				Go Measartha			Líofa nó beagnach líofa		

3. Cad é mar a dhéanfá cur síos ar do chumas tuisceana i leith na Gaeilge?

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
Ní thuigim mórán				Tuigim go leor			Ard-chaighdeán tuisceana		

Déan cur síos ar do chumas úsáide agus tuisceana i leith na Gaeilge.

4. Ar mhaith leat an Ghaeilge a fhoghlaim nó an cumas reatha atá agat a fheabhsú?

1	2	3	4	5
Níor mhaith		B'fhéidir		Ba mhaith, cinnte.

5. An mbíonn an Ghaeilge in úsáid agat sa bhaile / le do chlann?

1	2	3	4	5
Ní bhíonn		Anois agus arís		Bíonn go minic

6. An mbeadh suim agat tuilleadh Gaeilge a úsáid sa bhaile / le do chlann?

Bheadh / Ní Bheadh

Roinn B: An Ghaeilge sa phobal

7. An bhfuil mórán eolais agat ar an athbheochan Gaeilge i do cheantar?

1	2	3	4	5
Níl		Eolas éigin		Fíor-eolach

8. An bhfuil mórán eolais agat maidir leis na grúpaí Gaeilge a bhíonn ag feidhmiú i do cheantar féin?

1 2 3 4 5
Níl Eolas éigin Fíor-eolach

Tabhair tuilleadh sonraí, le do thoil.

9. An raibh tú riamh nó an mbíonn tú rannpháirteach in aon imeachtaí Gaeilge i do cheantar féin?

Bhí | Bím / Ó am go chéile / Ní raibh | Ní bhím

Tabhair tuilleadh sonraí, le do thoil (teideal an imeachta /ainm na heagraíochta srl.).

10. Ar mhaith leat bheith níos rannpháirtí in imeachtaí áitiúla Gaeilge

1 2 3 4 5
Níor mhaith B'fhéidir gur mhaith Ba mhaith

Roinn C: An Gaeloideachas

11. An bhfuil tú eolach ar fhás an Ghaeloideachais i do cheantar?

1 2 3 4 5
Níl / Aineolach Eolas éigin Fíor-eolach

12. An bhfuil / an raibh duine ar bith sa teaghlach agat sa chóras Gaeloideachais?

Tá | Bhí / Níl | Ní raibh

Má fhreagair tú 'Tá', tabhair tuilleadh sonraí, le do thoil (ainm na scoile, bliain,

13. Má tá páistí agat nó ag duine sa teaghlach atá san earnáil oideachais Bhéarla, ar mhaith go bhfoghlaimeoidh siad Gaeilge?

Ba mhaith / Níor mhaith / Ní bhaineann sé liom

14. Má tá páistí agat ag aois réamhscoile, nó dá mbeadh páistí agat sa todhchaí, an gcuirfeá iad ar an bhunscoil Gaeilge?

Chuirfinn / B'fhéidir / Ní chuirfinn / Ní bhaineann seo liom

Scríobh anseo tuilleadh ceisteanna nó barúlacha atá agat maidir leis an Ghaeloideachas.

D: Tuairimí i leith na Gaeilge:

15. An síleann tú gur rud fiúntach agus dearfach é an t-athbheochan Gaeilge do do cheantar féin?

1	2	3	4	5
Ní shílim		B'fhéidir		Sílim go cinnte

16. An mothaíonn tú páirteach i ngluaiseacht / i bpobal na Gaeilge sa cheantar?

1	2	3	4	5
Ní mhothaím		Rud beag		Mothaím páirteach

Tabhair tuilleadh sonraí, le do thoil

17. Cad é mar is féidir le grúpaí Gaeilge tú a cheangail isteach níos mó?

18. Léirigh sa bhosca thíos aon bharúil eile atá agat maidir leis an Ghaeilge, na grúpaí Gaeilge agus an ghluaiseacht Gaeilge go ginearálta, le do thoil.

Aguisín 2: Questionnaire (English language version)

Part A: You and the Irish Language

1. Do you speak Irish? Yes / No

2. How would you rate your fluency level overall?

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
No				Medium					High Level
Irish									of fluency

3. How would you rate your understanding of Irish?

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
None				Medium					High Level

Describe your own ability and understanding of Irish.

4. Would you like to learn to speak Irish or improve your current level of Irish

1	2	3	4	5
No		Possibly		Yes

5. Do you use Irish in your home/ Family ?

1	2	3	4	5
Never		Some basic Irish		Regularly

6. Would you like to use more Irish within your home / family? Yes / No

Part B: The Irish Language in your area

7. How aware are you of the Irish language revival in your area?

1	2	3	4	5
Unaware		Some / Limited information		Very knowledgeable

8. How knowledgeable are you of Irish language events or groups operating in your area?

1	2	3	4	5
Unaware		Some / Limited information		Very knowledgeable

Please give us more information:

9. Have you or do you currently take part in any of the Irish-language events or activities on-going in the local area?

Yes / Sometimes / Never

Please give more information (event title / organisation name etc.):

10. Using the scale below, how interested would you be in becoming more involved in the local Irish language events or activities ?

1	2	3	4	5
